# Tuarascáil Bhliantúil 2021








COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH

CARLOW COUNTY COUNCIL

## Ráiteas Misin

*Is é Ár Misean ná seirbhís rialtais áitiúil ar ardchaighdeán a sholáthar do mhuintir Chontae Cheatharlach tríd an gcomhshaol a chosaint agus a bhreisiú agus trí cháilíocht na beatha a fheabhsú.*



***An Bhuiríos, Co. Cheatharlach***



# Clár Ábhar


Maidir lenár gComhairle ... 3
Cruinnithe na Comhairle sa bhliain 2021 ... 6
Coistí Beartais Straitéisigh ... 7
An Comhchoiste Póilíneachta ... 9
An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil ... 10
Gnóthaí Corparáideacha ... 11
Sláinte agus Sábháilteacht ... 14
Acmhainní Daonna ... 15
Pleanáil agus Forbairt ... 16
Oifig Fiontair Áitiúil, Forbairt Eacnamaíoch agus Forbairt Tionscadal Speisialta ... 19
Forbairt Eacnamaíoch ... 21
An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide ... 24
Seirbhísí Uisce ... 32
Seirbhísí Éigeandála agus Rialú Foirgníochta ... 35
Bóithre, Iompar agus Tionscadail Speisialta ... 40
Bóithre agus Iompar ... 41
Tionscadail Speisialta ... 44
Cosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach ... 47
An Rannóg Tithíochta ... 48
Pobal, Áineas agus Taitneamhacht ... 50
An tSeirbhís Ealaíon ... 56
Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach ... 59
Sábháilteacht Uisce ... 61
An Músaem ... 62
Leabharlann Contae Cheatharlach ... 65
Seirbhísí Oidhreachta ... 70
Mótarcháin ... 71
AGUISÍN 1. Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) ... 73
AGUISÍN 2. Freastal na gComhaltaí Tofa ar Chomhdhálacha/Oiliúint sa bhliain 2021 ... 75
AGUISÍN 3. Freastal na gComhaltaí Tofa ar Chruinnithe a tionóladh sa bhliain 2021 ... 76
AGUISÍN 4. An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999 ... 77
AGUISÍN 5. Íocaíochtaí le Comhairleoirí sa bhliain 2021 ... 78
AGUISÍN 6. Nochtadh Cosanta 2021 ... 79
AGUISÍN 7. Cearta an Duine ... 80
AGUISÍN 8. An Fhoireann Ardbhainistíochta ... 81
AGUISÍN 9. An Timpeallacht Oibriúcháin Áitiúil ... 82
AGUISÍN 10. Struchtúr Eagrúcháin ... 83

# Comh-Bhrollach

**Contae bríomhar forásach atá tarraingteach, cuimsitheach agus inrochtana is ea Ceatharlach. Tá Comhairle Contae Cheatharlach tiomanta do sheirbhísí poiblí ar an gcaighdeán is airde a sholáthar do chónaitheoirí áitiúla, do chuairteoirí agus do chuideachtaí nua agus do chuideachtaí atá ann cheana. Tá sé mar thosaíocht ag an gComhairle seo timpeallacht a chruthú inar féidir fás eacnamaíoch agus sárcháilíocht beatha do chách a bhaint amach.**

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Cheatharlach don bhliain 2021 a chur i láthair, ina leagtar amach an obair a rinne an Chomhairle chun seirbhísí poiblí tábhachtacha a sholáthar le linn na bliana. Cabhraíonn an méid sin ar fad le Contae Cheatharlach a dhéanamh ina áit tharraingteach chun obair, chun cónaí agus chun gnó a dhéanamh ann agus chun cuairt a thabhairt air. Lean an phaindéim coróinvíris ar aghaidh ar fud an domhain sa bhliain 2021, rud a raibh éifeacht leanúnach aige ar sholáthar Sheirbhísí na Comhairle.

Is mian leis an gComhairle buíochas a ghabháil le gach ceann de na grúpaí pobail, deonacha agus spóirt as páirt a ghlacadh i bhfreagairt an phobail do Covid-19. Is mian linn freisin buíochas a ghabháil leis na baill foirne uile a ghlac páirt inti agus leo sin a lean le seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar nuair a bhí a gcuid comhghleacaithe ag tacú leis na foirne freagartha pobail. Mar thoradh ar an bpaindéim, rinneadh athruithe móra láithreacha ar na cleachtais oibre do bhaill foirne, do chomhaltaí tofa agus do chustaiméirí sa dóigh is gur éirigh obair ón mbaile ar an norm in ionad í a bheith ar an eisceacht, áit ar aistríodh a lán seirbhísí chuig ardáin ar líne.

Aistríodh cruinnithe na Comhairle chuig samhail hibrideach freisin, agus aistríodh roinnt cruinnithe chuig ardáin ar líne go hiomlán. Is mian linn buíochas a ghabháil le baill foirne, le comhaltaí tofa agus leis an bpobal as a inoiriúnaí a bhí siad d’aistriú chuig dóigheanna nua oibre agus do sheirbhísí a sholáthar dár gcuid custaiméirí agus toghthóirí.

D’fhorbair an Chomhairle plean leanúnachais gnó le haghaidh na freagartha do Covid-19 agus clóitear leis. Rinneadh an plean sin a oiriúnú agus a leasú de réir mar a fuarthas an t-eolas is deireanaí ón Rialtas. Agus tacaíocht agus ceannaireacht á bhfáil acu ón bhfoireann bainistíochta agus ó na comhaltaí tofa, lean ár mbaill foirne ar aghaidh le seirbhísí den scoth, mar a phléitear sa Phlean Corparáideach uainn, a choinneáil ar bun agus a sholáthar dár gcustaiméirí uile.

De réir mar a théimid amach ón mbliain 2021 agus isteach sa bhliain 2022, táimid ag súil le leanúint le Seirbhísí na Comhairle a sholáthar ar dhóigh éifeachtúil éifeachtach dár gcustaiméirí uile. Sa bhliain 2022, leagfar díriú luathaithe ar an athrú aeráide, ar thionscnaimh thaistil ghníomhaigh agus ar na seirbhísí agus na tacaí a sholáthraíonn an Chomhairle do dhaoine aonair, do ghnóthaí agus do phobail ar bhonn tráthrialta.



**Fintan Phelan**
Cathaoirleach



**Kathleen Holohan**
Príomhfheidhmeannach

# Maidir lenár gComhairle

**Tá Contae Cheatharlach lonnaithe istigh faoin tír in Oirdheisceart na hÉireann i gCúige Laighean agus tá sé 896 chiliméadar chearnacha ar achar. Tá láthair straitéiseach ag an gContae agus tá rochtain shármhaith aige ar bhonneagar iompair trína láthair ar mhótarbhealach an M9 idir Baile Átha Cliath agus Port Láirge, an phríomhlíne iarnróid idir Baile Átha Cliath agus Port Láirge agus bóthar náisiúnta an N80 lena nasctar Eoraphort Ros Láir chuig an Lár Tíre.**

B'ionann agus 56,932 dhuine daonra Chontae Cheatharlach a taifeadadh i nDaonáireamh 2016. Tá Baile Cheatharlach, arb é an baile contae é, lonnaithe in iarthuaisceart an Chontae feadh na teorann le Contae Laoise.

B'ionann agus 24,274 dhuine daonra Bhaile Cheatharlach (an Ghráig ar áireamh) a taifeadadh i nDaonáireamh 2016, rud a d'fhág go raibh sé ar an tríú lárionad uirbeach déag is mó sa Stát.

Tá an Chomhairle comhdhéanta de 18 gcomhalta thofa laistigh de thrí cheantar bhardasacha (Ceatharlach, an Tulach agus Muine Bheag).

Toghann na comhaltaí an Cathaoirleach gach bliain.


Mar aon leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, déanann ceithre Choiste Beartais Straitéisigh beartas a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle. Tá na Coistí comhdhéanta de chomhaltaí tofa agus de dhaoine atá ainmnithe chun ionadaíocht a dhéanamh do leasanna earnálacha seachtracha.



*An Bhearú*

## Toghlimistéar Áitiúil Cheatharlach (7)

| | |
|---|---|
| An Comh. Fergal Browne | FG |
| An Comh. John Cassin | Neamhspleách |
| An Comh. Andrea Dalton | FF |
| An Comh. Ken Murnane | FF |
| An Comh. Tom O'Neill | FG |
| An Comh. Fintan Phelan | FF |
| An Comh. Adrienne Wallace | Dlúthpháirtíocht – Pobal roimh Bhrabús |




## Toghlimistéar Áitiúil na Tulaí (6)

| | |
|---|---|
| An Comh. John McDonald | FF |
| An Comh. Charlie Murphy | Neamhspleách |
| An Comh. John Murphy | FG |
| An Comh. Brian O'Donoghue | FG |
| An Comh. William Paton | Páirtí an Lucht Oibre |
| An Comh. John Pender | FF |

## Toghlimistéar Áitiúil Mhuine Bheag (5)

| | |
|---|---|
| An Comh. Michael Doran | FG |
| An Comh. Andy Gladney | SF |
| An Comh. Thomas Kinsella | FG |
| An Comh. Arthur McDonald | FF |
| An Comh. William Quinn | Páirtí an Lucht Oibre |

## CEANTAR BARDASACH CHEATHARLACH


An Comh. Fergal Browne


An Comh. John Cassin


An Comh. Andrea Dalton


An Comh. Ken Murnane


An Comh. Tom O’Neill


An Comh. Fintan Phelan


An Comh. Adrienne Wallace

## CEANTAR BARDASACH NA TULAÍ


An Comh. John McDonald


An Comh. Charlie Murphy


An Comh. John Murphy


An Comh. Brian O’Donoghue


An Comh. William Paton


An Comh. John Pender

## CEANTAR BARDASACH MHUINE BHEAG


An Comh. Michael Doran


An Comh. Andy Gladney


An Comh. Thomas Kinsella


An Comh. Arthur McDonald


An Comh. William Quinn

# Cruinnithe na Comhairle sa bhliain 2021

**13** An líon cruinnithe de chuid na Comhairle Iomlánaíche

An líon Cruinnithe Bliantúla

**2** An líon Cruinnithe Speisialta de chuid na Comhairle

**5** An líon cruinnithe de chuid an Choiste Iniúchóireachta

**12** An líon cruinnithe de chuid Cheantar Bardasach Cheatharlach

**13** An líon cruinnithe de chuid Cheantar Bardasach na Tulaí

**10** An líon cruinnithe de chuid Cheantar Bardasach Mhuine Bheag

**16** An líon cruinnithe de chuid Coistí Beartais Straitéisigh

**11** An líon cruinnithe de chuid an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh

**3** An líon cruinnithe de chuid an Chomhchoiste Póilíneachta

**5** An líon cruinnithe de chuid an Choiste Chomhairligh um Chóiríocht don Lucht Siúil

# Coistí Beartais Straitéisigh

**Is é cuspóir na gCoistí Beartais Straitéisigh ná ceapadh, forbairt, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais a bhaineann le feidhmeanna Chomhairle Contae Cheatharlach agus comhairle a chur ar an gComhairle dá réir.**

Oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach ceithre Choiste Beartais Straitéisigh, a bhfónann Stiúrthóir Seirbhíse do gach ceann díobh. Roghnaíonn an Chomhairle na Cathaoirligh ar na Coistí Beartais Straitéisigh ag an gcruinniú ceann bliana.

## An Coiste Beartais Straitéisigh um Thithíocht, Pobal agus Folláine

| Faoi chathaoirleacht ag: |
|---|
| An Comh. Arthur McDonald |
| **Na Comhaltaí den Chomhairle:** |
| An Comh. Willie Quinn, an Comh. John Cassin, an Comh. Andrea Dalton, an Comh. Tom O'Neill, an Comh. Ken Murnane. |
| **Comhaltaí Seachtracha:** |
| Eileen Brophy, Joe Butler, John McHugh agus Ahmed Adam. |

**Tháinig an Coiste Beartais Straitéisigh le chéile ceithre huaire sa bhliain 2021. Tá an méid seo a leanas ina achoimre ar na Saincheisteanna a pléadh.**

- An Dréacht-Bheartas um Láithreáin Phríobháideacha atá faoi Úinéireacht na Comhairle a Dhiúscairt
- An Scéim Cheannaigh Incrimintigh 2021 – 2025
- An Dréacht-Scéim um Leithdháileadh 2021-2025
- An Dréacht-Straitéis um Iompraíocht Fhrithshóisialta 2021-2025
- An Straitéis um Chaitheamh Aimsire Lasmuigh/an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh – Tionscadail Amach Anseo a Chinneadh
- Dréacht-Fhodhlíthe Chomhairle Contae Cheatharlach um Rialú Capall, 2021
- An Tuarascáil ar Choigeartú Méide Cóiríochta
- An Straitéis um Chaitheamh Aimsire Lasmuigh/an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh
- Conair i dtreo Aghaidh a Thabhairt ar Láithreáin Fholmha agus Úsáid Éifeachtúil a Bhaint as an Stoc atá ann cheana
- Tacú leis na Ceithre Chonair: Córas Inbhuanaithe Tithíochta a Chumasú
- Iompraíocht Fhrithshóisialta
- An tAthbhreithniú Cíosa 2022

## An Coiste Beartais Straitéisigh um Iompar agus Bonneagar

| Faoi chathaoirleacht ag: |
|---|
| An Comh. Willie Quinn (Eanáir – Bealtaine)<br>An Comh. Andy Gladney (Meitheamh – Nollaig) |
| **Na Comhaltaí den Chomhairle:** |
| An Comh. Brian O'Donoghue, an Comh. Michael Doran, an Comh. John McDonald, an Comh. Ken Murnane |
| **Comhaltaí Seachtracha:** |
| Rowena Dooley, Chambers Ireland,<br>John Brophy, Chambers Ireland,<br>Jackie Meally, an Earnáil Pobail/Dheonach,<br>John Tully, an Earnáil Comhshaoil/Caomhnaithe |

**Tháinig an Coiste Beartais Straitéisigh le chéile ceithre huaire sa bhliain 2021. Tá an méid seo a leanas ina achoimre ar na Saincheisteanna a pléadh.**

- Bóthar Faoisimh Laistigh Theas Cheatharlach – An tEolas is Deireanaí ar an Tuarascáil Anailíse Straitéisí
- Ceadúnas Troscáin Sráide le linn Phaindéim COVID-19 – 2021
- An tEolas is Deireanaí ar Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda
- An dréachtbheartas maidir le Ladrainn a úsáid
- Leithdháiltí Taistil Ghníomhaigh, 2021
- Plean Alt 26 i gcás Oibríochtaí agus Éigeandála ó Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Contae Cheatharlach
- An Dréacht-Bheartas maidir le Ceamaraí Deaise a Úsáid
- Soilsiú Poiblí – Beartas Oibre Beo BSL
- Crios Dícharbónaithe
- Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha
- Tionscadal Cheatharlach 2040, Seirbhís Bus Bhaile Cheatharlach
- An tAthbhreithniú ar Bheartais Iompair agus Bonneagair na Comhairle

## An Coiste Beartais Straitéisigh um Pleanáil, Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide agus na Bithéagsúlachta agus Talmhaíocht

**Faoi chathaoirleacht ag:**

An Comh. Thomas Kinsella

**Na Comhaltaí den Chomhairle:**

An Comh. Fergal Browne, an Comh. Charlie Murphy, an Comh. Brian O'Donoghue, an Comh. William Paton, an Comh. Fintan Phelan, an Comh. Adrienne Wallace.

**Comhaltaí Seachtracha:**

Liam Kelly, Brian O'Farrell
Liam O'Brien (an Líonra Rannpháirtíochta Pobail)
Matthew English-Hayden (an Líonra Rannpháirtíochta Pobail)
George Collier (Feirmeoireacht Talmhaíochta Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann)

**Tháinig an Coiste Beartais Straitéisigh le chéile ceithre huaire sa bhliain 2021. Tá an méid seo a leanas ina achoimre ar na Saincheisteanna a pléadh.**

- An Dréacht-Phlean Bainistíochta Bruscair 2021-2023
- An tAthrú Aeráide
- Fodhlíthe Ionad Adhlactha
- Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2015-2021
- Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide – An Tuairisc Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn agus na Chéad Chéimeanna Eile atá Beartaithe
- Plean Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Cheatharlach
- Dréacht-Nós Imeachta Chomhairle Contae Cheatharlach um Measúnacht Éiceolaíoch
- An tEolas is Deireanaí ar an nGníomhú ar son na hAeráide
- Crios Dícharbónaithe
- Beartas Draenála Inbhuanaithe Chomhairle Contae Cheatharlach
- Nóta Comhairleach maidir le Bainistíocht Riosca Tuile

## An Coiste Beartais Straitéisigh um Chultúr, Leabharlanna agus Forbairt Dhigiteach, Turasóireacht, Fiontar agus Forbairt Eacnamaíoch

**Faoi chathaoirleacht ag:**

An Comh. John Murphy

**Na Comhaltaí den Chomhairle:**

An Comh. Andrea Dalton, an Comh. Michael Doran, an Comh. John McDonald, an Comh. Tom. O'Neill, an Comh. John Pender

**Comhaltaí Seachtracha:**

Brian O'Farrell, Ionadaí don Earnáil Gnó/Tráchtála, Eileen O'Rourke, Ionadaí don Earnáil Gnó/Dheonach

**Tháinig an Coiste Beartais Straitéisigh le chéile ceithre huaire sa bhliain 2021. Tá an méid seo a leanas ina achoimre ar na Saincheisteanna a pléadh.**

- Anailís ar Riachtanais an Chláir Oiliúna agus Forbartha Gnó 2021-2023
- inCarlow – Straitéis Forbartha Eacnamaíche agus Tacaíochta Gnó
- inCarlow – Plean Turasóireachta agus Oidhreachta do Thigh Moling
- Forbairt Dhigiteach/Straitéis Dhigiteach
- Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Cheatharlach 2022-2027
- An Tuarascáil ar Thionscadal Robert Hartpole
- An Fraughan, Tionscadal Phortach an Droimín
- Tionscadail do Dhaoine Scothaosta
- An Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail
- Straitéis Turasóireachta agus Oidhreachta Thigh Moling
- Láithreoireacht ar Phlean Forbartha na hOifige Fiontair Áitiúil 2021-2024
- An Ráiteas ar Dhearadh faoi Stiúir ag an bPobal – Baile Haicéid
- Ceatharlach: Contae a Thacaíonn le Litearthacht – Forbhreathnú ar an tionscadal

# An Comhchoiste Póilíneachta

**Foráiltear le hAcht an Gharda Síochána 2005 (Alt 36) do chomhchoiste póilíneachta a bhunú i ngach údarás áitiúil. Is é cuspóir na gcoistí sin ná fóram a sholáthar mar ar féidir le húdarás áitiúil agus leis na hOifigigh shinsearacha den Gharda Síochána atá freagrach as an limistéar sin a phóilíniú dul i gcomhairle maidir le nithe a bhaineann le póilíneacht don limistéar sin, na nithe sin a phlé agus moltaí a thabhairt ina leith.**

| |
|---|
| **Cathaoirleach:** |
| An Comh. Michael Doran |
| **Na Comhaltaí den Chomhairle:** |
| An Comh. Fergal Browne, an Comh. John Cassin, an Comh. Andrea Dalton, an Comh. Arthur McDonald, an Comh. John McDonald, an Comh. Ken Murnane, an Comh. John Murphy, an Comh. Brian O'Donoghue, an Comh. Tom O'Neill, an Comh. William Paton, an Comh. John Pender, an Comh. Fintan Phelan. |
| **Na Comhaltaí den Oireachtas:** |
| Malcolm Noonan TD, Jennifer Murnane O'Connor TD |
| **Comhaltaí Feidhmiúcháin:** |
| Kathleen Holohan, Príomhfheidhmeannach, Michael Rainey, Stiúrthóir Seirbhísí um Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch agus Gnóthaí Corparáideacha |
| **Ionadaithe Pobail don Choiste Rannpháirtíochta Pobail:** |
| Martin Tuite, Michael Nolan agus Caroline Dargan |
| **Ionadaithe don Gharda Síochána:** |
| An tArd-Cheannfort Padraig Dunne, Port Láirge, an tArd-Cheannfort Aidan Brennan, Ceatharlach |
| **Ionadaithe Eile don Phobal:** |
| John Brophy, an Comhlachas Tráchtála, Anton Scheele, Cúnamh do Mhná, Ceatharlach, an Garda Síochána |



# An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

**Tá an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil comhdhéanta de naoi gcomhalta dhéag, idir chomhaltaí reachtúla agus chomhaltaí neamhreachtúla, agus tá ceathrar díobh ina gcomhaltaí tofa. Tionóladh 12 chruinniú de chuid an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil sa bhliain 2021.**

| **Leasanna Reachtúla** | |
|---|---|
| An Comh. Andrea Dalton | Comhalta Tofa |
| An Comh. Thomas Kinsella | Comhalta Tofa |
| An Comh. Tom O'Neill | Comhalta Tofa |
| An Comh. Willie Quinn | Comhalta Tofa |
| Kathleen Holohan | Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Cheatharlach |
| Kieran Comerford | Ceann Fiontair, Comhairle Contae Cheatharlach |
| Noel Barry | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| Sarah Barron | Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh/Cheatharlach, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Joan-Ita Murphy | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **Leasanna Neamhreachtúla** | |
| Liam O'Brien | Grúpa Feabhsúcháin Mhuine Bheag (Ionadaí Leasanna Pobail agus Deonacha ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail) |
| Padraig Dooley | Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach (Ionadaí Leasanna Pobail agus Deonacha ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail) |
| Ann Shortall | Ionad Acmhainní Teaghlaigh Mhuine Bheag (Ionadaí Cuimsithe Shóisialta ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail) |
| John Murphy | BEAM, Muine Bheag (Ionadaí Cuimsithe Shóisialta ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail) |
| Molly Aylesbury | Líonra Comhshaoil Cheatharlach (Ionadaí don Choláiste Comhshaoil ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail) |
| Annette Fox | Carlow County Development Partnership CLG |
| Rowena Dooley | Comhlachas Tráchtála Cheatharlach (Gnó agus Fostóirí) |
| George Hatton | Talmhaíocht/Feirmeoireacht |
| Eilish Langton | Ealaíona agus Cultúr - an tSochaí Shibhialta |
| Eileen O'Rourke | Turasóireacht Cheatharlach |

Líonadh post an Leas-Chathaoirligh agus fuarthas cúigear comhaltaí ionaid i mí Eanáir 2021 le ceadú ón nGrúpa Beartais Chorparáidigh, ón gComhairle agus ón gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil.

Tá siad mar a leanas:
Leas-Chathaoirleach: Sara Barron (Leasanna Reachtúla Sóisialta, Eacnamaíocha agus Pobail (Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh/ Cheatharlach): George Hatton (Talmhaíocht) agus Rowena Dooley (Fostóir), Forbairt Áitiúil agus Pobail: Liam O'Brien (Ionadaí an Líonra Rannpháirtíochta Pobail don Earnáil Pobail agus Dheonach), Padraig Dooley (Ionadaí an Líonra Rannpháirtíochta Pobail don Earnáil Pobail agus Dheonach) agus Molly Aylesbury (Ionadaí an Líonra Rannpháirtíochta Pobail don Earnáil Comhshaoil)

Cé go rabhthas ag déileáil leis an bpaindéim fós, d'oibrigh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil agus an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúla go réidh agus tháinig siad le chéile go réidh tríd an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid. I roinnt cásanna, tionóladh cruinnithe de chuid an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil agus an Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúla ar dhátaí difriúla chun na spriocdhátaí le haghaidh an chláir LEADER agus/nó an chláir SICAP a éascú. Tionóladh deich gCruinniú de chuid an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil agus naoi gCruinniú de chuid an Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúla sa bhliain 2021.

# Gnóthaí Corparáideacha

**5**
An líon Iarratáí ar Rochtain d'Ábhair Sonraí

**90**
An líon iarratas Saorála Faisnéise a fuarthas

**27**
An líon ball foirne a oileadh mar Oifigigh um Chomhlíonadh Shrianta COVID-19

**44,440**
An líon Toghthóirí a bhí cláraithe chun vóta a chaitheamh

**Soláthraíonn an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha seirbhís éifeachtach éifeachtúil tacaíochta don Chathaoirleach, do na Comhaltaí Tofa agus don Fhoireann Ardbhainistíochta. Tá sí freagrach freisin as raon leathan seirbhísí a sholáthar agus a bhainistiú. Ina measc, tá Cumarsáid, Seirbhís do Chustaiméirí, tuarascálacha reachtúla na Comhairle a ullmhú, Clár na dToghthóirí, Cosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise agus raon leathan seirbhísí coimhdeacha a bhaineann le gnó na Comhairle.**

- Cruinnithe na Comhairle agus an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh a bhainistiú, Freastal na gComhairleoirí ar Chomhdhálacha
- Liúntais agus Costais Comhairleoirí a Íoc, Fáiltithe Cathartha, Nascadh le Comhlachtaí Náisiúnta amhail LAMA agus ACCC, agus Comhchoistí Póilíneachta.
- Clár na dToghthóirí
- Toghcháin Áitiúla
- Seirbhís do Chustaiméirí
- Cumarsáidí Corparáideacha – Preaseisiúintí
- Táscairí Feidhmíochta Seirbhíse do Chustaiméirí a Chomhordú
- Cúirt an Chróinéara
- Réadmhaoin na Comhairle a Bhainistiú
- An Clár Eitice
- An Tuarascáil Bhliantúil agus an Plean Corparáideach a Ullmhú
- Saoráil Faisnéise
- Ombudsman
- Cosaint Sonraí
- Caidreamh Poiblí
- An Scéim Gaeilge
- An Plean um Míchumas
- An Clár Comhpháirtíochta idir Scoileanna agus Gnó
- Táscairí Seirbhíse a chomhordú.
- Tionscnaimh nua de chuid na Comhairle, amhail Deisigh mo Shráid agus MapAlerter, a chur chun cinn
- Bainistíocht Móréigeandála – Cumarsáid. Dul i dteagmháil leis an bpobal, leis na meáin agus le Comhairleoirí, lena n-áirítear le linn drochaimsire.




*An bhfuil tú Cláraithe chun Vóta a Chaitheamh?*

## Clár na dToghthóirí

Tá an Chomhairle freagrach as Clár na dToghthóirí do Chontae Cheatharlach a chur le chéile. Ullmhaítear Clár na dToghthóirí gach bliain agus eisíodh Clár na dToghthóirí don tréimhse 2021/2022 an 15 Feabhra 2021. Ba é an líon iomlán toghthóirí a bhí cláraithe chun vóta a chaitheamh sa bhliain 2021 ná 44,117 nduine (Toghlimistéar Áitiúil Cheatharlach: 16,425 dhuine, Toghlimistéar Áitiúil na Tulaí: 14,652 dhuine, agus Toghlimistéar Áitiúil Mhuine Bheag).

## Réadmhaoin Chorparáideach

Tá an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha freagrach as an Réadmhaoin Chorparáideach ar fad (seachas Tithíocht Shóisialta agus Bóithre) agus as í a chothabháil. Tá sí freagrach as réadmhaoin a ligean ar léas le páirtithe eile agus as réadmhaoin a ghlacadh ar léas uathu freisin.

## Gnó sa Phobal in Éirinn

I gcomhpháirt le Coláiste Tyndall, tá Comhairle Contae Cheatharlach ag glacadh páirt le roinnt blianta anuas sa Chlár um Scileanna ag an Obair atá á reáchtáil ag Gnó sa Phobal in Éirinn. Sa chlár sin, tugtar spreagadh do dhaltaí chun a scolaíocht a chríochnú agus tugtar deis dóibh le breithniú a dhéanamh ar an lear roghanna ilchineálacha gairme agus staidéir a bheidh ar fáil dóibh ar chríochnú na scolaíochta dóibh. Gnóthaíonn na daltaí léargas ar ról oibre Chomhairle Contae Cheatharlach laistigh dá bpobal agus feiceann siad i bpearsa cé na conairí gairme féideartha atá ar fáil dóibh.

Níor chaill na daltaí an deis sin sa bhliain 2021 toisc gur sholáthair Comhairle Contae Cheatharlach an clár seo ar líne. D'fhreastail na daltaí ar roinnt cainteanna ar líne ar sheirbhísí, róil agus freagrachtaí an rialtais áitiúil, ar chaint 'lá sa saol' inar thug baill foirne Chomhairle Contae Cheatharlach léargas ar na gairmeacha éagsúla atá ar fáil laistigh den rialtas áitiúil, agus ar chuairt chianda ar Sheomra na Comhairle. Is é a bhí i gceist leis an gcéim dheiridh den chlár ná gur thug an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha comhairle maidir le CV a chur le chéile agus maidir le hullmhú d'agallamh, mar aon le hagallaimh bhréige a reáchtáil agus le haiseolas a bheith á thabhairt ag Baill Foirne na Rannóige Gnóthaí Corparáideacha.

Fuarthas torthaí an-dearfach ar na measúnuithe bliantúla a rinneadh ar an scéim le roinnt blianta anuas.

## Cosaint Sonraí

Déanann Comhairle Contae Cheatharlach an fhaisnéis phearsanta ar fad a fhaigheann sí a phróiseáil de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2016, agus de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018. Tá feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ón 25 Bealtaine 2018 i leith. Tá feidhm ghinearálta aige maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil san Aontas Eorpach, agus oibleagáidí níos fairsinge ar rialaitheoirí sonraí agus ar phróiseálaithe á leagan amach agus cosaintí neartaithe agus cearta neartaithe á soláthar d'ábhair sonraí. D'oibrigh an tOifigeach Cosanta Sonraí go gníomhach le rannóga chun Measúnuithe Tionchair ar Phríobháideachas Sonraí a dhéanamh agus chun aghaidh a thabhairt ar aon rioscaí a sainaithníodh. Táthar ag leanúint le hoiliúint a chur ar bhaill foirne, agus forbraíodh roinnt doiciméad beartais. Áirítear leo Ráitis Phríobháideachais rannóg, an Beartas um Sháruithe ar Chosaint Sonraí a Bhainistiú, agus an Beartas um Dheasca Glana.

## Cearta an Duine

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, leagtar an Dualgas i gcomhthéacs na pleanála straitéisí. Cuirtear ceangal ar chomhlachtaí poiblí leis aird a thabhairt ar an ngá atá ann le deireadh a chur leis an idirdhealú, le comhionannas deise a chur chun cinn agus le cearta an duine a chosaint do bhaill foirne agus d'úsáideoirí seirbhíse. Glacann Comhairle Contae Cheatharlach ról ceannaireachta maidir le cuimsiú sóisialta, le comhionannas, le cearta an duine agus le hinrochtaineacht uilíoch.

## Saoráil Faisnéise

Tugtar leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, cearta dlíthiúla do dhaoine atá ag iarraidh rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí a thagann faoi raon feidhme an Achta.

*Seo a leanas an miondealú ar na cinntí a rinneadh ar na hiarrataí sin.*

| | |
|---|---|
| Iarratais a Fuarthas | 67 |
| Iarrataí ar Géilleadh dóibh | 31 |
| Iarrataí ar Diúltaíodh Géilleadh dóibh | 23 |
| Iarrataí ar Géilleadh go Páirteach dóibh | 10 |
| Iarrataí a Tarraingíodh Siar | 2 |
| Iarrataí a Tugadh ar Aghaidh go dtí an bhliain 2022 | 21 |
| Athbhreithnithe Inmheánacha | 3 |
| Achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise | 1 |

| | |
|---|---|
| Iriseoirí | 36 |
| Grúpaí Gnó/Sainleasa | 8 |
| Comhaltaí den Oireachtas/Daoine den Phobal | 2 |
| Baill Foirne | 2 |
| Cliaint | 19 |
| Eile | 0 |

## Ombudsman

Cuireadh Oifig an Ombudsman ar bun faoin Acht Ombudsman, 1980, chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó dhaoine den phobal a bhraitheann gur caitheadh go héagórach leo agus iad ag déileáil le comhlachtaí stáit, lena n-áirítear Údaráis Áitiúla.

*Fuair Comhairle Contae Cheatharlach seacht ngearán sa bhliain 2021.*

| | |
|---|---|
| Cásanna Dúnta | 3 |
| Cásanna Oscailte | 4 |
| Iomlán na gCásanna | 7 |

## Bainistíocht Taifead agus Cartlann

Tá an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha freagrach as an mBeartas Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil a chur chun feidhme agus as an tSeirbhís Cartlainne Contae a fhorbairt. Sa bhliain 2021, fuair Comhairle Contae Cheatharlach Ionad Cartlainne nua chun a chinntiú go ndéanfar taifid a thaifeadadh agus a chartlannú i gceart. Tá an tIonad lonnaithe in aonad ar Bhóthar Uí Bhriain i mBaile Cheatharlach.

## Cruinnithe na Comhairle

Tá ag Comhairle Contae Cheatharlach **18** gComhalta Thofa, a dhéanann ionadaíocht do **thrí** cheantar bhardasacha, mar atá Ceatharlach, an Tulach agus Muine Bheag. Bainistíonn an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha Cruinnithe Chomhairle Contae Cheatharlach, Cruinnithe Cheantar Bardasach Cheatharlach, cruinnithe an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh agus Toscaireacht. De bharr phaindéim Covid-19, aistríodh cruinnithe Chomhairle Contae Cheatharlach chuig samhail hibrideach nó chuig samhail lánchianda sa bhliain 2021 chun leanúnachas a chinntiú.

## Tuarascáil Mhíosúil ar Dhul Chun Cinn ón bPríomhfheidhmeannach chuig an gComhairle

Ullmhaíonn an Príomhfheidhmeannach tuarascáil ar fheidhmíocht gach stiúrthóireachta/rannóige le linn na míosa a thagann tar éis na tuarascála míosúla roimhe. Bíonn an tuarascáil sin ar an gclár oibre ag gach cruinniú míosúil de chuid na Comhairle agus tógtar ceisteanna ó na comhaltaí ar gach gné den tuarascáil. Chomh maith leis sin, bíonn an tuarascáil ina sásra trínar féidir leis na comhaltaí maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar an bPlean Corparáideach a chur chun feidhme. Cuirtear cóip den tuarascáil mhíosúil ón bPríomhfheidhmeannach ar aghaidh chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil gach mí freisin.

# Sláinte agus Sábháilteacht

**Tá Comhairle Contae Cheatharlach tiomanta dá gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh ar bhealach a chinntíonn, a mhéid is indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair dá fostaithe agus do dhaoine eile a bhféadfadh go ndéanfadh a gníomhaíochtaí gnó difear dóibh.**

Mar fhreagairt do phaindéim COVID-19, lean Comhairle Contae Cheatharlach ar fud na bliana 2021 le córas éifeachtach bainistíochta phaindéim COVID-19 a chur chun feidhme ar fud na heagraíochta, i gcomhréir leis an gcomhairle agus na moltaí ó eagraíochtaí sláinte poiblí, ón rialtas agus ón earnáil údarás áitiúil.

Leagaimid ríthábhacht ar thionóiscí san áit oibre a chosc. Imscrúdaítear Tionóiscí/Teagmhais chun an bhunchúis a dhéanamh amach agus chun a chinntiú nach dtarlóidh siad choíche. Sa bhliain 2021, taifeadadh naoi dtionóisc a bhaineann leis an obair agus taifeadadh dhá neasteagmhas lenar bhain baill foirne na Comhairle.

Tá Comhairle Contae Cheatharlach tiomanta do chultúr sábháilteachta a chur chun cinn, do scileanna nua agus eolas a thabhairt do bhaill foirne, agus do dhea-nósanna imeachta sábháilteachta a fhorbairt ar an jab. Seoladh 20 cúrsa oiliúna sláinte agus sábháilteachta i gcomhréir le ceanglais COVID-19. Lean Comhairle Contae Cheatharlach lena clár um chigireachtaí sábháilteachta san áit oibre sa bhliain 2021 mar uirlis chun faireachán a dhéanamh ar chaighdeáin sláinte agus sábháilteachta agus chun iad a choinneáil ar bun. Déantar cigireachtaí ar bhonn leanúnach agus teastaíonn dua agus tiomantas ó na baill foirne uile ar fud na heagraíochta ina leith. Is é an toradh atá ar an dua sin ná feabhas leanúnach ar chaighdeáin sábháilteachta agus gan aon tionóiscí tromchúiseacha a bheith ann.

Fuair Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach iniúchadh seachtrach faireachais ar a Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde de réir chaighdeán ISO 45001 i mí na Nollag 2021.



# Acmhainní Daonna

Líon foirne ag an 31/12/2021

**376**

305.64 fostaí coibhéise lánaimseartha (lena n-áirítear

**46**

chomhraiceoir dóiteáin choinnithe)

**Tá baint ag an Rannóg Acmhainní Daonna le forálacha reachtúla fostaíochta a riar agus leis na beartais, nósanna imeachta agus scéimeanna ar ghlac an Fhoireann Bainistíochta iad maidir le soláthar foirne. Tá an Rannóg seo freagrach freisin as Earcaíocht, as Oiliúint agus Forbairt, as Bainistíocht Ama agus Tinrimh, as Aoisliúntas, as Idirchaidreamh éifeachtach le Fostaithe, as Caidreamh Tionsclaíoch, as Comhionannas agus Éagsúlacht, as an gCothromaíocht Oibre is Saoil, as an tSeirbhís Folláine Foirne a sholáthar agus as tacaíocht a thabhairt don eagraíocht.**

Cé gur eascair a lán dúshlán as paindéim COVID-19 sa bhliain 2021, lean an Rannóg Acmhainní Daonna leis an bpróiseas earcaíochta a dhéanamh ar líne. Aistríodh Ionduchtú Foirne do gach fostaí nua agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach chuig ardán ar líne nuair ab fhéidir.



# Pleanáil agus Forbairt

**527**
An líon Iarratas Pleanála a fuarthas

**111**
An líon gearán maidir le Forfheidhmiú a fuarthas sa bhliain 2020

**4**
An líon réadmhaoine a iontráladh ar an gClár Tobhach Láithreán Folamh

**14**
An líon iomlán gearán a fuarthas maidir le déanmhais chontúirteacha

**3**
An líon forbairtí tithíochta a tógadh faoi chúram sa bhliain 2020

**32**
An líon Fógraí Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh

**38**
An líon fógraí Láithreán Tréigthe a eisíodh

**8**
An líon iomlán gearán a fuarthas maidir le sárú féideartha ar na Rialacháin um Ligin Ghearrthéarmacha

**Is é cuspóir foriomlán na rannóige pleanála ná forbairt an chontae a chur chun cinn ar bhealach a éascaíonn dul chun cinn inbhuanaithe eacnamaíoch agus sóisialta. Bíonn roinnt réimsí feidhme i gceist le hoibriú laethúil na rannóige, lena n-áirítear bainistíocht forbartha, forfheidhmiú pleanála, comhlíonadh, glacadh forbairtí cónaithe faoi chúram, láithreáin thréigthe, déanmhais chontúirteacha agus pleanáil chun cinn.**

## Bainistíocht Forbartha

Fuair Comhairle Contae Cheatharlach **527** n-iarratas pleanála san iomlán le linn na bliana 2021. Seo a leanas miondealú ar na cinntí a rinne Comhairle Contae Cheatharlach le linn na bliana 2021:

| | |
|---|---|
| An líon iarratas bailí a fuarthas | 413 |
| An líon iarratas neamhbhailí a fuarthas | 114 |
| An líon iarratas a deonaíodh | 358 |
| An líon iarratas ar diúltaíodh dóibh | 32 |
| An líon cruinnithe réamhphleanála a tionóladh | 146 |

## Forfheidhmiú

Ag gníomhú di de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), féachann an rannóg pleanála lena chinntiú go gcomhlíontar ceadanna pleanála. Déantar imscrúdú ar gach gearán scríofa faoi fhorbairtí neamhúdaraithe i gcásanna inar cosúil go bhfuil údar maith ann leis na gearáin sin. Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar ghearán *bona fide*, tionscnaítear bearta forfheidhmiúcháin trí Litir Rabhaidh a eisiúint. I gcás nár réitíodh an ní ar bhealach sásúil tar éis an Litir Rabhaidh a eisiúint, eisítear Fógra Forfheidhmiúcháin ansin. Déantar imeachtaí dlí a thionscnamh i gcás neamhchomhlíonadh an Fhógra Forfheidhmiúcháin. Fuarthas **111** ghearán san iomlán sa bhliain 2021.

| An Gníomh a Rinneadh | 2021 |
|---|---|
| Litreacha rabhaidh a eisíodh | 32 |
| Fógraí forfheidhmiúcháin a seirbheáladh | 33 |
| Imeachtaí dlíthiúla a tionscnaíodh | 2 |
| Cásanna a Dúnadh | 50 |
| Imeachtaí Cúirte a Leanann ar Aghaidh | 16 |

## Eastáit a Ghlacadh faoi Chúram

Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), féadfaidh an Forbróir nó formhór na n-úinéirí a chónaíonn san fhorbairt iarrataí a dhéanamh chun eastáit a ghlacadh faoi chúram. Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2010, ceadaítear don Údarás Áitiúil cuid d'eastát a ghlacadh faoina chúram.

Fuarthas **6** iarraidh san iomlán sa bhliain 2021 ar fhorbairtí a ghlacadh faoi chúram. Glacadh na forbairtí tithíochta seo a leanas faoi chúram le linn na bliana 2021.

| Ainm na Forbartha | Seoladh na Forbartha |
|---|---|
| Ard na Bearú, na Glaschnoic | Bóthar Leithghlinne |
| Radharc Pháirc Shléibhte | An Ghráig |
| Cúirt na hAbhann (Céim 2) | Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach |

## Láithreáin Thréigthe

Déileáiltear le láithreáin thréigthe de réir an Achta um Láithreáin Thréigthe, 1990. Fuarthas 21 ghearán san iomlán sa bhliain 2021.

| An Gníomh a Rinneadh | 2021 |
|---|---|
| An líon Fógraí a Eisíodh | 38 |
| An líon Fógraí/litreacha a comhlíonadh | 4 |
| An líon Láithreán Tréigthe ar an gClár an 1 Eanáir 2021 | 22 |
| An líon Láithreán Tréigthe ar an gClár an 31 Nollaig 2021 | 26 |
| An líon Láithreán Tréigthe ar cuireadh Tobhach i bhFeidhm ina leith | 10 |
| An líon réadmhaoine a fuarthas mar éadáil go héigeantach | 1 |

## Déanmhais Chontúirteacha

Déileáiltear le Déanmhais Chontúirteacha de réir an Achta Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964. Fuarthas **14** ghearán san iomlán sa bhliain 2021.

| An Gníomh a Rinneadh | 2021 |
|---|---|
| An líon Fógraí/litreacha a eisíodh | 14 |
| An líon Fógraí ar chomhlíon an tÚinéir/an tÁititheoir iad | 5 |
| An líon Fógraí ar chomhlíon Comhairle Contae Cheatharlach iad, ag cur oibreacha i gcrích di | 0 |



## An Tobhach Láithreán Folamh

Le linn na bliana 2021, lean an Rannóg Pleanála le dul chun cinn a dhéanamh ar Chlár Láithreán Folamh a bhunú, mar a fhoráiltear dó faoin Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015, arna leasú leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018. Is féidir amharc ar an gClár Láithreán Folamh ar líne ar shuíomh Gréasáin na Comhairle ag www.carlow.ie. Déantar iontrálacha ar an gClár tar éis measúnuithe láithreáin a chríochnú agus tar éis fógraí a eisiúint de bhun an Achta um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015, arna leasú leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018.

## Ligin Ghearrthéarmacha

Leis na Rialacháin fán Acht um Pleanáil agus. Forbairt, 2000 (Forbairt Dhíolmhaithe) (Uimh. 2), 2019, tugadh éifeacht don reachtaíocht maidir le Ligin Ghearrthéarma. Tháinig an reachtaíocht sin i bhfeidhm an 1 Iúil 2019. Ainmníodh Toghlimistéar Áitiúil Cheatharlach mar Chrios Brú Cíosa an 26 Meán Fómhair 2019. Mar sin, bhí na rialacháin nua maidir le Ligin Ghearrthéarma infhorfheidhmithe ag Comhairle Contae Cheatharlach le linn na bliana 2021.

Cé gurb amhlaidh a rinne paindéim Covid-19 difear don mhargadh Ligean Gearrthéarmach laistigh den Chrios Brú Cíosa, taifeadadh méadú sa ghníomhaíocht sa ráithe dheiridh den bhliain 2021.

| An Gníomh a Rinneadh | 2021 |
|---|---|
| An líon iomlán réadmhaoine ar sainaithníodh go bhféadfadh siad a bheith ag sárú na Rialachán um Ligin Ghearrthéarmacha | 8 |
| An líon imscrúduithe a cuireadh i gcrích | 8 |
| Litreacha rabhaidh a eisíodh | 4 |

## Pleanáil Chun Cinn

**Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2015-2021:**

Leanadh leis an Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2015-2021 sa bhliain 2021, ar lena linn a rinneadh Dréacht-Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028 a ullmhú agus a fhoilsiú. Rinne na Comhaltaí Tofa breithniú ar an Dréacht-Phlean le linn Cruinniú Speisialta de chuid na Comhairle a tionóladh an 2 Iúil 2021. Ceadaíodh é le rún, faoi réir leasuithe. Bhí comhairliúchán poiblí ar an Dréacht-Phlean ar siúl thar thréimhse 10 seachtaine agus tháinig sé chun deiridh an 1 Deireadh Fómhair 2021.

Rinneadh an Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach ar na haighneachtaí a fuarthas a eisiúint chuig na Comhaltaí Tofa an 24 Samhain 2021. Rinneadh breithniú foirmiúil ar an Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach ag Cruinniú Speisialta de chuid na Comhairle a cuireadh ar siúl an 3 Feabhra 2022.

Chinn na Comhaltaí Tofa Dréacht-Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028 a leasú mar a mhol an Príomhfheidhmeannach agus mar a leasaíodh é tuilleadh trí bhíthin rún agus réiteach a comhaontaíodh ag an gcruinniú.

Tá na Leasuithe Ábhartha faoi réir tréimhse bhreise ar thaispeáint phoiblí. Ina dhiaidh sin, ullmhófar Tuarascáil bhreise ón bPríomhfheidhmeannach lena breithniú ag na Comhaltaí Tofa sula nglacfar Plean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028 go foirmiúil le linn na bliana 2022.



# Oifig Fiontair Áitiúil, Forbairt Eacnamaíoch agus Forbairt Tionscadal Speisialta

**256**
An líon Post a cruthaíodh le cabhair ón Oifig Fiontair Áitiúil

**273**
An líon rannpháirtithe a fuair meantóireacht sa bhliain 2020

**1,589**
An líon rannpháirtithe sna Cláir Oiliúna/Forbartha ar fad

**36**
An líon cuideachtaí a thug faoi Mheasúnú 'Lean for Micro' ag Saineolaí Gnó Bharainnigh *

**71**
An líon iarratas ar dhearbháin trádála ar líne ar cheadaigh an Oifig Fiontair Áitiúil iad sa bhliain 2020

**60**
An líon Deontas Bia Lasmuigh a ceadaíodh

**11**
An líon deontas Féilte agus Imeachtaí a ceadaíodh. De dheasca phaindéim Covid-19, níor cuireadh ach seacht gcinn de na 25 imeacht ar siúl

**25**
An líon Deontas Scéim Péinteála ar thug Comhairle Contae Cheatharlach iad d'fhiontair atá lonnaithe sa Tulach, i Muine Bheag agus i mBaile Cheatharlach

**650**
An líon daltaí ó dheich scoil a ghlac páirt sa Chlár Fiontraíochta Scoileanna

**Tá freagracht ar Oifig Fiontair Áitiúil Cheatharlach as feidhmeanna Chomhairle Contae Cheatharlach maidir le Tacaíocht Gnó, Forbairt Eacnamaíoch agus Forbairt Tionscadal Speisialta.**

## Fiontraíocht Éireann – Comhaontú Seirbhíse

Ba mar a leanas a bhí an t-aschur don bhliain 2021 i leith an Chomhaontaithe Seirbhíse le Fiontraíocht Éireann maidir le hoibriú na hOifige Fiontair Áitiúil:

| | |
|---|---|
| Rannpháirtithe in Oiliúint | 1589 |
| Cláir Oiliúna | 57 |
| Rannpháirtithe i Meantóireacht | 273 |
| Deontais 'Lean for Micro' a Ceadaíodh | 36 |
| Cúnamh Airgeadais do Chuideachtaí Monaraíochta agus do Chuideachtaí Seirbhísí Idirnáisiúnta | € 435,510.50 |
| An Scéim 'Dathaigh Ceatharlach' | €261,000.00 |
| Áiteanna i bhFiontar Daltaí | 650 |
| Deontais um Bia Lasmuigh agus Bonneagar | €374,000.00 |
| Dearbháin Trádála ar Líne a Ceadaíodh | 71 |

| An Líon Cliant ar Ceadaíodh Cistiú Dóibh | An tSuim a Ceadaíodh |
|---|---|
| 6 Dheontas um Leathnú Gnó | €196,500.00 |
| 7 nDeontas Prímeála | €180,963.00 |
| 5 Dheontas Indéantachta | €58,047.50 |
| 71 Dearbhán Trádála ar Líne | €156,019.16 |



# Forbairt Eacnamaíoch




*Ráiteas na Rannóige Eacnamaíche ar Dhearadh faoi Stiúir ag an bPobal – Baile Haicéid*

## Forbairt Straitéisí

Rinneadh na straitéisí seo a leanas a fhorbairt agus a sheoladh sa bhliain 2021:

- An Ráiteas ar Dhearadh faoi Stiúir ag an bPobal – Baile Haicéid

Cuireadh tús leis na straitéisí seo a leanas sa bhliain 2021 lena gcur i gcrích sa bhliain 2022:

- Staidéar Indéantachta Chaisleán Cheatharlach
- Suirbhé ar Úsáid Talún Bhaile Cheatharlach
- Forbairt an Cháis Gnó maidir leis an gCampas Fiontar
- Straitéis Forbartha Eacnamaíche agus Tacaíochta Gnó inCarlow

## An Fhreagairt do Phaindéim Covid-19

Chomhordaigh an rannóg forbartha eacnamaíche roinnt gníomhaíochtaí éagsúla. Áiríodh leo sin freagairt chomhordaithe do phaindéim Covid-19 a fhorbairt le haghaidh an phobail gnó. Áirítear leo sin éagsúlacht leathan tionscadal agus clár a seoladh i gcomhpháirt le príomh-gheallsealbhóirí éagsúla.

Turasóireacht Cheatharlach: Thacaigh Comhairle Contae Cheatharlach leis an bPlean Bliantúil do Thurasóireacht Cheatharlach faoina Meabhrán Tuisceana le Turasóireacht Cheatharlach agus faoin gcreat straitéiseach le haghaidh tacaíocht a thabhairt sa todhchaí don Earnáil Turasóireachta i gContae Cheatharlach.

## Ionad Fiontair Pobail

I gcomhpháirt le hIonad Fiontair Pobail Cheatharlach, fuair Comhairle Contae Cheatharlach cistiú ab fhiú €87,000, agus chuir sí tús le creat straitéiseach a fhorbairt le haghaidh lorg an spáis fiontar agus cothaithe gnó do Chontae Cheatharlach a leathnú sa bhliain 2022 agus ina diaidh.

## Oifig Ireland South East

Sholáthair Comhairle Contae Cheatharlach cistiú d'Oifig Ireland South East le haghaidh gníomhartha éagsúla a chomhordú i réimse na forbartha eacnamaíche agus na tacaíochta gnó. D'fhoilsigh an Chomhairle staidéar an Oirdheiscirt ar chianobair thar ceann Údaráis Áitiúla an Oirdheiscirt agus ghlac sí páirt sa Phlean Nua Post Réigiúnach a fhorbairt.



*Lá Náisiúnta Fhiontair na mBan a Chur Chun Cinn*

## Margaíocht Eacnamaíoch

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Cheatharlach foilseacháin éagsúla i gcomhar le The Sunday Business Post, Sunday Independent, RTÉ Guide, KCLR agus The Nationalist le linn na bliana 2021.

## An Clár Nollag 2020

De bharr shrianta Covid-19, ba chlár a bhí hibrideach ina iomláine é Clár Nollag Cheatharlach, arbh é Contae Cheatharlach – Eispéireas Féiltiúil do Theaghlaigh an teideal a bhí air. Dá ainneoin sin, taifeadadh méid ollmhór rannpháirtíochta fud fad an tionscnaimh. Áiríodh leis na cláir Comórtas Scoileanna, Feachtas um Cheatharlach a Shoilsiú, Comórtas Taispeána Fuinneoige, Feachtas Caidrimh Phoiblí a reáchtáladh i gcomhpháirt le KCLR, agus Feachtas 'Bí Áitiúil ar Líne'. Seoladh ócáid seolta fhisiciúil i gCarrchlós Halla Baile Cheatharlach ar fhreastail 2,500 duine uirthi.

## Forbairt agus Soláthar Tionscadal Speisialta – Tionscadal Cheatharlach 2040 de chuid an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach

Rinne Comhairle Contae Cheatharlach Plean Thionscadal Cheatharlach 2040 de chuid an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach a chur i gcrích agus a sheoladh sa bhliain 2020, agus d'ullmhaigh sí iarratas ar an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach. Straitéis uaillmhianach Athghiniúna do Bhaile Cheatharlach is ea Tionscadal Cheatharlach 2040. Cuimsítear sa Straitéis Athghiniúna sin smaointe bunathraitheacha spreagúla a rachaidh chun tairbhe do Cheatharlach ón taobh eacnamaíoch de, ón taobh sóisialta de agus ó thaobh an chomhshaoil de.

## Tionscadail Chaipitil – Forbairt Tionscadal Speisialta agus Cistiú ón Aontas Eorpach:

Lean an Chomhairle le soláthar Mol Ceardaíochta a threorú faoin Eoraip Chruthaitheach.

Fuair Comhairle Contae Cheatharlach Cistiú ón Aontas Eorpach mar chuid de Urbact agus mar chuid de Líonra darb ainm 'RU:RBAN Second Wave'. D'fhorbair Comhairle Contae Cheatharlach trí iarratas lena gcur isteach sa bhliain 2022. Tá siad mar a leanas:

- PAL4Boxes
- Turais Tuaithe
- Athea

D'fhorbair an Chomhairle creat le haghaidh cistiú ón Aontas Eorpach chun an acmhainneacht a bhaineann le cistiú ón Aontas Eorpach a bhaint amach agus chun na dúshláin a ghabhann leis a shárú mar eagraíocht.

## Forbairt Tionscadal Speisialta

Sa bhliain 2021, forbraíodh na tionscadail seo a leanas le haghaidh iarratais sa todhchaí:

- Forbairt Moil Cheangailte – Míseal
- Forbairt Moil Cheangailte – Baile Haicéid
- An Scéim Comharthaíochta do Chinn Scríbe ar fud an Chontae
- Staidéar Indéantachta Chaisleán Cheatharlach
- Baile Cheatharlach – Suirbhé ar Úsáid Talún
- Campas Fiontar inCarlow
- Fís Ráth Bhile 2040




*Féachaint chuige go Seasfaidh Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide Chontae Cheatharlach an Aimsir trí Dheis Oideachais Dhigitigh.*

# An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide

**28**

An líon ionad 'fág anseo' a n-oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach iad

**2**

An líon Ionad Fóntas Poiblí i mBaile an Phaoraigh agus i mBaile Mhic Thiarnáin

**2,635**

An líon tonnaí de dhramhaíl a bailíodh sa bhliain 2021

**1,700**

An líon uaireanta den chlog de sheirbhísí dramhaíola agus athchúrsála a soláthraíodh

**31,505**

An líon cuairteoirí ar Ionad Fóntas Poiblí Bhaile an Phaoraigh, ar méadú é ó na 4,509 gcuairteoir air sa bhliain 2019

5

Mar thoradh ar mhéadú san úsáid agus sna méideanna, tá Ionad Fóntas Poiblí Bhaile an Phaoraigh ar oscailt

**cúig lá sa tseachtain**

Thart ar

**2,635**

An líon tonnaí d'ábhar a baineadh ón láithreán

**160**

An líon Fíneálacha a eisíodh faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar

**900**

An líon gnáth-Chigireachtaí Dramhaíola

**99**

An líon Cigireachtaí Dramhaíola nach gnáth-Chigireachtaí Dramhaíola

**Cuireann an Rannóg Comhshaoil agus Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Cheatharlach raon leathan feidhmeanna i gcrích, ar feidhmeanna iad a bhíonn ag méadú i gcónaí de réir mar a thugtar reachtaíocht nua isteach, go dtagann tosaíochtaí náisiúnta nua chun cinn agus go n-athraítear cleachtais oibre laistigh den eagraíocht.**

Is é seo a leanas liosta neamh-uileghabhálach d'fheidhmeanna na rannóige:

- Oiriúnú don Aeráid agus é a Mhaolú
- Bainistíocht ar Chomhlíonadh Comhshaoil
- Bainistíocht Dramhaíola – Forfheidhmiú agus Ceadúnú
- Ionaid Fóntas Poiblí agus Ionaid 'Fág Anseo' a Oibriú
- Cosc agus Rialú Bruscair
- Oideachas agus Feasacht Comhshaoil
- Truailliú Uisce/an Chreat-treoir Uisce
- Truailliú Aeir
- Cigireachtaí Feirme agus Bainistíocht Cothaitheach
- Pleanáil Comhshaoil
- Truailliú Torainn
- Ionaid Adhlactha
- Soláthairtí Uisce Tuaithe/Soláthairtí Uisce Beaga Príobháideacha
- Bainistíocht Fuinnimh agus Spriocanna Fuinnimh
- Pleanáil Éifeachtúlachta Acmhainní
- Seirbhísí Tréidliachta
- Píosaí Ilghnéitheacha Reachtaíochta Comhshaoil

## Cigireachtaí sa bhliain 2021

| Cigireachtaí | Beartaithe | Curtha i gCrích |
|---|---|---|
| Gnáth-Chigireachtaí Dramhaíola | 784 | 1004 |
| Cigireachtaí Dramhaíola nach Gnáth-Chigireachtaí Dramhaíola | 135 | 30 |
| Gnáth-Chigireachtaí Bruscair | 1024 | 1034 |
| Gnáth-Chigireachtaí Uisce/Fuíolluisce | 509 | 445 |
| Cigireachtaí Uisce/Fuíolluisce nach Gnáth-Chigireachtaí Uisce/ Fuíolluisce | 16 | 52 |
| Gnáth-Chigireachtaí Aeir/Torainn | 92 | 48 |
| Cigireachtaí Aeir/Torainn nach Gnáth-Chigireachtaí Aeir/Torainn | 5 | 7 |
| Gnáth-Chigireachtaí ar Fhreagracht Táirgeoirí | 70 | 81 |
| Cigireachtaí Pleanála | 221 | 131 |



| Gníomhartha Forfheidhmiúcháin | |
|---|---|
| **Dramhaíl** | |
| 'Litreacha rabhaidh' maidir le dramhaíl | 53 |
| Alt 14 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (Ordachán) | 1 |
| Alt 18 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (faisnéis) | 1 |
| Alt 55 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (bearta) | 4 |
| Alt 56 den Acht um Bainistiú Dramhaíola | 0 |
| Alt 71 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (carranna tréigthe) | 1 |
| Fógraí Airteagal 25 faoin Rialachán maidir le Pacáistiú | 0 |
| Airteagal 12 de na Rialacháin um Dhramhaíl Bia Tráchtála, 2009 | 0 |
| An líon Fógraí Íocaíochta Seasta faoi na Rialacháin um Cheadanna Bailithe Dramhaíola | 1 |
| An líon Fíneálacha a eisíodh faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar | 93 |
| An líon moltaí a rinneadh don Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola go n-athbhreithneofaí ceadanna bailithe dramhaíola | 0 |
| Eile | 22 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **176** |
| **Uisce/Fuíolluisce** | |
| 'Litreacha rabhaidh' maidir le truailliú uisce | 16 |
| Fógraí Alt 12 den Acht um Bainistiú Dramhaíola | 5 |
| Fógraí Alt 23 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (faisnéis riachtanach) | 1 |
| Fógraí Alt 110 den Acht um Shláinte Phoiblí | 0 |
| Ordacháin a eisíodh chuig soláthairtí uisce príobháideacha | 0 |
| An líon Fógraí 'Fiuch an tUisce' | 2 |
| An líon daoine a ndearna Fógraí 'Fiuch an tUisce' difear dóibh | 35838 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Uisce/Fuíolluisce a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **22** |



*Gairdíní Altamont, Co. Cheatharlach*

| | |
|---|---|
| **Talmhaíocht** | |
| ‘Litreacha rabhaidh’ maidir le truailliú talmhaíochta | 0 |
| Fógraí faoi Neamhchomhlíonadh chuig an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia | 0 |
| Alt 26(8) de na Rialacháin um Dhea-Chleachtais Talmhaíochta | 0 |
| Fógraí Alt 12 den Acht um Bainistiú Dramhaíola | 0 |
| Fógraí Alt 23 den Acht um Bainistiú Dramhaíola | 0 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Talmhaíochta a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **0** |
| **Aer (lena n-áirítear Boladh/Deannach)** | |
| ‘Litreacha rabhaidh’ maidir le haer | 22 |
| ‘Litreacha rabhaidh’ maidir le tuaslagóirí | 1 |
| ‘Litreacha rabhaidh’ maidir le péinteanna maisiúcháin | 4 |
| Alt 16 den Acht um Thruailliú Aeir (faisnéis) | 0 |
| Alt 26 den Acht um Thruailliú Aeir (bearta) | 0 |
| Gníomhartha forfheidhmiúcháin faoi na rialacháin um breoslaí soladacha (I.R. Uimh. 326 de 2012) | 0 |
| Fógraí íocaíochta seasta faoi na rialacháin um breoslaí soladacha (I.R. Uimh. 326 de 2012) | 0 |
| Fógraí Alt 110 den Acht um Shláinte Phoiblí | 0 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Aeir a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **27** |
| **Torann** | |
| ‘Litreacha rabhaidh’ maidir le torann | 0 |
| Alt 107 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (fógra) | 0 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Torainn a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **0** |
| **Tionscnaimh Freagrachta Táirgeoirí** | |
| Fógraí Íocaíochtaí Seasta na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí (an tAcht um Bainistiú Dramhaíola) | 0 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Tionscnamh Freagrachta Táirgeoirí a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **0** |
| **Mór-Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **225** |



## Bainc Bhuidéil

Sa bhliain 2021, d'éascaigh Comhairle Contae Cheatharlach athchúrsáil 1,358.14 tonna de Ghloine agus 47.41 tonna de Channaí san iomlán ag ár 28 láithreán ar fud Chontae Cheatharlach. Is méadú é sin ar an méid a athchúrsáladh an bhliain roimhe.

Osclaíodh láithreán breise banc buidéal in Ard Aitinn i mí Lúnasa 2021. Ón uair a cuireadh na bainc sin i bhfeidhm i leith, rinneadh 4.09 tonna a athchúrsáil.

## Ionad Fóntas Poiblí Bhaile an Phaoraigh

Le linn na bliana 2021, lean Ionad Fóntas Poiblí Bhaile an Phaoraigh le seirbhís iomlán a sholáthar don phobal, d'ainneoin éifeachtaí phaindéim Covid-19 agus na srianta gaolmhara. Soláthraíodh thart ar 1700 uair an chloig de sheirbhísí dramhaíola agus athchúrsála sa bhliain 2021.

Sa bhliain 2021, freastalaíodh ar 31,507 gcustaiméir ag ionad Bhaile an Phaoraigh. Baineadh 2,635 thonna d'ábhar ón láithreán. Baineadh úsáid as 1,306 thonna den ábhar sin chun fuinneamh a tháirgeadh ó dhramhaíl. Diúscraíodh 119 dtonna d'ábhar chuig líonadh talún. Cuireadh 1,210 tonna d'ábhar amach le haghaidh athchúrsála/téarnaimh.

Lean an tIonad Fóntas Poiblí le glacadh le rothair don Afraic sa bhliain 2021 agus seoladh 135 rothar san iomlán le haghaidh athchóirithe sular seoladh iad chun na hAfraice.

I mí an Mheithimh 2021, oibríodh Pardún Péinte an-rathúil ag Ionad Fóntas Poiblí Bhaile an Phaoraigh, ar lena linn a thaisc 293 chustaiméir 12 thonna de phéint lena ndiúscairt. Tar éis an phardúin, tugadh muirir nua isteach chun go mbeifí in ann leanúint le glacadh le péint ag an láithreán.

Oibríodh pardún dramhaíola téagartha le linn mhí Lúnasa, rud a chuir ar chumas 333 chustaiméir 52 thonna de mhíreanna téagartha teaghlaigh a thaisceadh. Bailíodh 745 thocht i mí Mheán Fómhair mar chuid de phardún tochtanna rathúil.

Rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cigireacht láithreáin ar líne sa bhliain 2021, ar lena linn a measúnaíodh nósanna imeachta um bainistíocht láithreáin, tuairisciú ar chomhlíonadh, bainistíocht láisteáite agus gáis, faireachán ar screamhuisce agus ar uisce dromchla, agus astaíochtaí comhdhúl so-ghalaithe



*Cigireacht Feirme*

orgánach. Measúnaíodh taifid agus tonnáistí droichead meáite freisin. Ba iad na torthaí ar an gcigireacht ná gur ag comhlíonadh choinníollacha an cheadúnais go hiomlán a bhí na limistéir uile a measúnaíodh.

## Staitisticí Uisce Tuaithe

| Deontais 2021 | |
|---|---|
| An Clár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe | €99,000 |
| Grúpscéimeanna Uisce – Oibríochtúil | €292,000 |
| Dabhcha Séarachais | Nialas |
| Deontais Toibreacha | €178,000 |
| DLRG | Nialas |

## Cigireachtaí Feirme

Rinneadh 68 gcigireacht feirme san iomlán sa bhliain 2021 i ndáil leo seo: Cigireachtaí faoi na Rialacháin um Dhea-Chleachtais Talmhaíochta; gearáin maidir le truailliú; cigireachtaí pleanála; cigireachtaí ar leathadh bithsholaidí; agus cigireachtaí ar chosaint foinsí. I gcásanna inar thángthas ar fhadhbanna, bhain a bhformhór le bailiú eisiltigh sadhlais, le drochbhainistíocht uisce thruaillithe, le bailiú neamh-leordhóthanach draoibe, le drochgháitéir agus droch-fhánphíobáin i gclóis agus le léarscáileanna neamh-leordhóthanacha le haghaidh leathadh sloda.

## Tionscnaimh/éachtaí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus maidir leis an mbithéagsúlacht:

Fuair Foireann um Ghníomhú Cheatharlach ar son na hAeráide, Comhaltaí agus baill foirne Oiliúint in Acmhainn Aeráide i gceardlanna um Ghníomhú ar son na hAeráide dár bpobal.

Le ceardlanna 'Labhraímis faoi Ghníomhú Cheatharlach ar son na hAeráide', tugadh tús eolais ar eolaíocht na haeráide, ar a tionchair agus ar a réitigh fhéideartha, ag cabhrú le pobail gníomhartha ar son na haeráide a shainaithint ar an leibhéal áitiúil. Bhí ríméad ar Chomhairle Contae Cheatharlach tacú le Líonra Comhshaoil Chontae Cheatharlach chun ceardlann fhaisnéiseach idirghníomhach a óstáil ar mhaithe le tacú leis an mBithéagsúlacht i gCeatharlach.

Sa bhliain 2021, shín beachairí Cheatharlach a mbeachlann ar an láithreán ar Líonadh Talún Bhaile an Phaoraigh, agus baineadh úsáid as an tsaoráid chun imeachtaí oideachais agus ceardlanna oiliúna do bheachairí ionchasacha a óstáil.

Suiteáladh roinnt boscaí éin ag láithreán Bhaile an Phaoraigh sa bhliain 2021, ag teacht sna sála ar shuirbhé agus ar chomhairle a fuarthas ó Chairde Éanlaith Cheatharlach.  Táthar dóchasach go mbainfear úsáid astu sin le linn shéasúr goir na bliana 2022.




Mar bhaill ghníomhacha, d'óstáil Comhairle Contae Cheatharlach Comhdháil bhliantúil an Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí sa bhliain 2021.

## Seoladh 'Cuir é Mála é, Cuir i mBosca Bruscair é' – Feachtas Frithshálaithe Madraí.

I gcomhpháirt le Comhairle Contae Chill Chainnigh, le Comhairle Contae Loch Garman agus le Comhairle Contae Phort Láirge, sheol Comhairle Contae Cheatharlach an feachtas frithshálaithe madraí "Cuir é Mála é, Cuir i mBosca Bruscair é'.   Tá sé mar aidhm leis an bhfeachtas seo cur i gcuimhne do shiúlóirí madraí freagracht a ghlacadh as salachar a madraí agus a chinntiú go n-úsáideann siad mála chun é a thógáil agus go gcuireann siad an dramhaíl isteach in aon bhosca bruscair ghinearálta.

Tá cúig chéim/théama ag an bhfeachtas réigiúnach sin.

**1** Feasacht Branda/do fhreagracht

**2** Cé dó a ndéantar difear? An pobal á phróifíliú

**3** Iompraíocht Siúlóirí Madraí

**4** CUIR I mBOSCA BRUSCAIR É – aghaidh á tabhairt ar na daoine sin a chuireann i mála é ach nach gcuireann i mbosca bruscair é go cuí

**5** Tacú lena chéile – bunaithe ar an gclár siúlóirí glasa madraí




*Seoladh an fheachtais 'CUIR I MÁLA É, CUIR I mBOSCA BRUSCAIR É' ag Comhairle Contae Cheatharlach*

## Rialú Madraí

Faoi alt 2 de na hAchtanna um Rialú Madraí, 1986 agus 1992, beidh duine a choinníonn madra ciontach i gcion ach amháin i gcás go sealbhóidh sé/sí ceadúnas aonair nó ceadúnas ginearálta lena gcumhdaítear aon líon madraí ag áitreabh sonraithe, seachas iad sin nach n-úsáidtear ach amháin le haghaidh dhualgais oifigiúla an Gharda Síochána, Óglaigh na hÉireann nó na Seirbhísí Custam agus Máil. Oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach agus Comhairle Contae Chill Chainnigh Comhsheirbhís Maorachta Madraí, agus beirt Mhaor Madraí lonnaithe i mBaile Phóil do Cheatharlach agus Maor Madraí amháin do Chill Chainnigh. Cuirtear tuairisceán bliantúil staitisticí a bhaineann leis na hAchtanna um Rialú Madraí, 1986-2014, faoi bhráid Oifigí Rialtais na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail.

| | |
|---|---|
| Ceadúnais a Eisíodh | 2,057 |
| Ioncam | €55,395 |

## An Plean Bainistíochta Bruscair 2021-2023

Ag teacht sna sála ar an bpróiseas a leagadh amach san Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, arna leasú, glacadh an Plean Bainistíochta Bruscair do Cheatharlach 2021-2023 i mí an Mhárta 2021. Is é atá sa phlean ná ráiteas scríofa ina leagtar amach na cuspóirí atá i gceist le litir a chosc agus a rialú laistigh de limistéar feidhme Chomhairle Contae Cheatharlach. Pléitear na réimsí seo a leanas sa phlean.

- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe
- Truailliú ó Bhruscar
- Oideachas agus Feasacht
- Tionscnaimh Phobail/Ghnó
- Seirbhísí agus Saoráidí a soláthraíonn Comhairle Contae Cheatharlach iad
- Forfheidhmiú
- Eochairtháscairí Feidhmíochta

## Seachtain Náisiúnta na gCrann – 2021

Dháil Comhairle Contae Cheatharlach 500 Crann Óg Éireannach Dúchasach ar níos mó ná 50 ceann de ghrúpaí pobail agus de scoileanna sa bhliain 2021.

Sholáthair Dee Sewell, Greenside up, seimineár Gréasáin freisin chun tacú leo sin inár bpobal atá ag cur crann.

Áiríodh leis na réimsí a pléadh:

- An Crann ceart san áit cheart
- Crainn óga a chur
- Fréamh lom v. coimeádán
- É a fhás
- An bhaint leis an aeráid.

## An Glantachán Náisiúnta Earraigh 2021

Reáchtáladh ceann de na Glantacháin Náisiúnta Earraigh is mó riamh i gCeatharlach sa bhliain 2021. Bhí méadú suntasach ann sa líon meithleacha beaga/teaghlach/daoine aonair a bhí toilteanach le páirt a ghlacadh sa tionscnamh náisiúnta seo.

D'iarr CLG Cheatharlach ar gach ceann dá chlubanna sa chontae dul i mbun gnímh, ag iarraidh ar dhaoine cabhrú le "Ceatharlach a Ghlanadh" agus dathanna a gclub á gcaitheamh acu ag an am céanna. Chláraigh níos mó ná 50 ceann de ghrúpaí pobail agus deonacha sa bhliain 2021 le haghaidh an imeachta náisiúnta sin agus d'éirigh leo pas beag níos lú ná deich dtonna de bhruscar a bhailiú.

D'óstáil Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Cheatharlach roinnt ceardlann athchúrsála ar líne dar teideal "bin sorted" sa mhí.

Fuarthas breis agus 300 iontráil ó scoileanna agus ó dhaoine aonair don Chomórtas Póstaer 'The Big Kid Clean Up' a reáchtáladh i gcomhpháirt le KCLR agus le Comhairle Contae Chill Chainnigh.

## Clár na Scoileanna Glasa 2021

Chuaigh paindéim Covid-19 i bhfeidhm go mór ar Chlár na Scoileanna Glasa ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal domhanda. Ba ar líne a rinneadh na measúnuithe. Déanaimid comhghairdeas leis na scoileanna seo a leanas ar bronnadh a mbratacha glasa orthu sa bhliain 2021.

- Knockbeg College – Bruscar agus Dramhaíl
- Carlow Educate Together – Fuinneamh
- Borris Vocational School – Uisce
- S.N. Fiontain Naofa, an Tulach – Uisce
- Carrigduff NS, Bun Clóidí – Taisteal
- St. Michael's NS, an Baile Nua – Taisteal
- Queen of The Universe NS, Muine Bheag – Saoránacht Dhomhanda: Bruscar agus Dramhaíl
- Holy Family BNS, an Easca – Saoránacht Dhomhanda: Fuinneamh




*Clár na Scoileanna Glasa de chuid Chomhairle Contae Cheatharlach, 2021*

- Ballon NS – Saoránacht Dhomhanda: Gnóthaí Muirí
- St Leo's College, Ceatharlach – Saoránacht Dhomhanda: Gnóthaí Muirí

## Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

Leanann Comhairle Contae Cheatharlach ar aghaidh ag gníomhú ar son na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.

Leanaimid ar aghaidh ag obair le struchtúir áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun tábhacht an chreata, na gcuspóirí agus na spriocanna atá leagtha amach sna spriocanna a chur in iúl chun féachaint le dul chun cinn comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe.

Soláthraíodh ceardlanna tacaíochta agus faisnéise ar líne do spriocphobal leathan ilchineálach. Áiríodh leo sin:

- Club Rotary, Ceatharlach
- Líonra Bailte Slachtmhara Chontae Cheatharlach
- Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach
- Muintir na Tíre, Míseal
- Seirbhís Leabharlainne Chontae Cheatharlach

## Fuinneamh

Lean Comhairle Contae Cheatharlach le hobair i gcomhar le Gníomhaireacht Fuinnimh na dTrí Chontae sa bhliain 2021 chun spriocanna coigilte fuinnimh a chomhlíonadh agus chun feasacht fuinnimh a chur chun cinn trí chláir éagsúla. Faoi dheireadh na bliana 2020, d'éirigh leis an gComhairle úsáid fuinnimh a laghdú faoi 39.9% ó socraíodh an bhonnlíne sa bhliain 2009. Faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus faoi Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí, ceanglaíodh ar gach údarás áitiúil feabhsú 33% ar a éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2020, ag úsáid fhigiúirí na bliana 2009 mar bhonnlíne.

Socraíodh spriocanna don bhliain 2030 le linn na bliana 2021, a fhágann gur gá coigiltí fuinnimh a sholáthar chun laghdú 50% a bhaint amach i gcomparáid leis an mbonnlíne agus úsáid iomlán carbóin a laghdú faoi 51%. Is spriocanna dúshlánacha iad sin agus, i gcomhar leis an Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide, beidh sé riachtanach bearta a chomhaontú chun iad a bhaint amach. Faoin gClár um Pobail Fuinnimh Níos Fearr sa bhliain 2021, leanadh le tacaíocht a thabhairt do phobail, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do theaghlaigh ach cistiú deontais a chur ar fáil dóibh trí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Fuair Comhairle Contae Cheatharlach tacaíocht don chlár soilsiúcháin LED.

# Seirbhísí Uisce

**24**

An líon ionad cóireála fuíolluisce a reáchtálann foireann Chomhairle Contae Cheatharlach iad thar ceann Uisce Éireann

**11**

An líon ionad cóireála fuíolluisce a oibrítear de réir dhiancheanglais na gCeadúnas Scaoilte ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

**13**

An líon ionad cóireála beag a oibrítear de réir cheanglais a nDeimhnithe Údarúcháin faoi seach

**679**

An líon samplaí a tógadh, agus tástáladh 6,495 pharaiméadar aonair

**12**

An líon teagmhas intuairiscithe sa bhliain 2021, ar bhain sé cinn díobh le bristeacha cumhachta de dheasca drochaimsire

**1**

An líon iniúchtaí a rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag ionaid chóireála fuíolluisce

**14,814 $m^3$**

An meánmhéid laethúil uisce óil ar sholáthair Comhairle Contae Cheatharlach é

**12**

An líon ionad cóireála uisce a n-oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach iad thar ceann Uisce Éireann

## Cóireáil Uisce

- Oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach 12 Ionad Cóireála Uisce thar ceann Uisce Éireann
- Tógadh 210 sampla agus tástáladh 2,873 pharaiméadar.
- Bhí 12 theagmhas intuairiscithe ann sa bhliain 2021
- Rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil iniúchadh amháin ag ionaid chóireála uisce agus fuíolluisce
- B'ionann an meánmhéid laethúil uisce óil a soláthraíodh agus 14,814 $m^3$

## Fuíolluisce

- Is ann do 24 ionad cóireála fuíolluisce a n-oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach iad thar ceann Uisce Éireann.
- Tógadh 469 sampla sa bhliain 2021 a bhain le hionaid chóireála fuíolluisce (Samplaí Insiltigh, Samplaí Eisiltigh agus Samplaí Comhthimpeallacha). Tástáladh 4,936 pharaiméadar aonair san iomlán.

Tuairiscíodh 22 theagmhas don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil sa bhliain. Níor bhain ach ceann amháin le cliseadh ELV, bhain sé cinn le clistí míreanna trealaimh laghdaithe, bhain naoi gcinn le bristeacha cumhachta de dheasca drochaimsire agus le róshreafaí ón ionad i Ráth Bhile (is teagmhas intuairiscithe é gach teagmhas ina róshreabhann an t-umar stoirme ansin), agus bhain sé cinn le fadhbanna líonra (baic ar an siofón sa Tulach, nó róshreafaí eile séaraigh).

Rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ceithre Iniúchadh (dhá Iniúchadh OEE ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhalana agus Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Cheatharlach, agus dhá Iniúchadh ORM ag Ionad Cóireála Fuíolluisce na Buiríse agus Ionad Cóireála Fuíolluisce Mhuine Bheag). Chomh maith leis sin, rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cigireacht láithreáin tar éis teagmhas doirte/truaillithe isteach sa líonra séarach sa Tulach.

Ó bunaíodh i mí Eanáir 2014 é, tá Uisce Éireann, an fóntas náisiúnta uisce, freagrach as seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar. Chomhaontaigh Comhairle Contae Cheatharlach agus Uisce Éireann obair faoi théarmaí Comhaontaithe Seirbhíse 12 bhliain chun seirbhísí uisce atá éifeachtúil agus ar ardchaighdeán a sholáthar ar mhaithe le freastal ar na riachtanais atá ag custaiméirí, i gcomhréir le ceanglais reachtúla agus rialála. Sa bhliain 2021, socraíodh leis an gComhaontú Seirbhíse spriocanna ar fud roinnt slat tomhais oibríochtúil, slata tomhais rianaithe



*Oibreacha Uasghrádaithe ag Ionad Cóireála Fuíolluisce na Tulaí An Tulach, Co. Cheatharlach*

agus 18 n-eochairtháscaire feidhmíochta. Baineann na spriocanna agus cuspóirí sin leis na réimsí seo: airgeadas; soláthar; próisis inmheánacha/comhlíonadh; seirbhís do chustaiméirí; sreabhadh oibre; CDS; bainistíocht ligin; oibríochtaí sócmhainní; an Rialachán Comhshaoil maidir le hUisce Óil agus Fuíolluisce; Sláinte, Sábháilteacht, Cáilíocht agus an Comhshaol; Tuarascálacha Bliantúla Comhshaoil; Tionscadail Chaipitil; Barrfheabhsú Próiseas; agus Bainistíocht Fuinnimh.

## Oibreacha Caipitil

Rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2021 ar Oibreacha Caipitil ar roinnt tionscadal caipitil Uisce agus Fuíolluisce.

Deonaíodh cead pleanála, agus forbraíodh dearadh mionsonraithe, chun Ionad Cóireála Uisce Ráth Bhile a uasghrádú.

Ba i gcomhar leis an gConraitheoir Réigiúnach a tosaíodh na hoibreacha a cuireadh i gcrích tríd an gClár Líonraí Uisce. Áirítear leis na hoibreacha an príomhphíobán uisce a athsholáthar agus seirbhísí clóis cúil a sholáthar i limistéar Ascaill JKL/Uí Annracháin de Bhaile Cheatharlach. Mar chuid den chlár sin, ceadaíodh punann mhór oibreacha sa bhliain 2021 agus tá sé beartaithe tús a chur le tógáil sa bhliain 2022.

Sa Tulach, cuireadh tús le tógáil i mí Lúnasa 2021 chun an tIonad Cóireála Fuíolluisce a uasghrádú. Rinneadh dul chun cinn freisin ar phleananna le haghaidh stáisiún caidéalúcháin agus le haghaidh an líonra séarachais sa bhaile a uasghrádú.

Tugadh an dearadh le haghaidh Ionad Cóireála Fuíolluisce Mhuine Bheag chun críche agus deonaíodh cead pleanála.

Tháinig méadú ar scóip na n-oibreacha uasghrádaithe ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Cheatharlach sa bhliain 2021 chun stáisiún caidéalúcháin agus roinnt gnéithe den líonra a chur ar áireamh, agus rinneadh dul chun cinn ar an dearadh mionsonraithe.

Ceapadh an conraitheoir le haghaidh Ionad Cóireála Fuíolluisce na Buiríse agus cuireadh dearadh isteach lena athbhreithniú.



# Seirbhísí Éigeandála agus Rialú Foirgníochta

**199**
An líon Cigireachtaí Rialú Foirgníochta

**22**
An líon Deimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

**192**
An líon Fógraí Tosach Feidhme

**37**
An líon Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán

**Coinníonn Comhairle Contae Cheatharlach Briogáidí Dóiteáin ar bun i gceithre Stáisiún Dóiteáin, atá lonnaithe i mBaile Cheatharlach, i Muine Bheag, ar an Tulach agus i mBaile Haicéid. Is lonnaithe i Stáisiún Dóiteáin Bhaile Haicéid freisin atá Ionad Oiliúna Seirbhísí Dóiteáin, rud a mbaineann Seirbhísí Dóiteáin ar fud na hÉireann úsáid as. Agus feithiclí agus trealamh nua-aimseartha in úsáid acu, cinntíonn na criúnna tiomanta go soláthraíonn siad seirbhís phras, éifeachtúil agus éifeachtach. Ag obair dóibh ar bhonn 24 huaire an chloig sa lá, seacht lá sa tseachtain, d'fhreagair siad do 540 teagmhas sa bhliain 2021, rud ba chúis le 596 shlógadh ag Briogáidí Dóiteáin Cheatharlach. Faigheann an fhreagairt oibriúcháin tacaíocht ó Ionad Rialaithe Réigiún an Oirthir atá lonnaithe i gCeanncheathrú Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ar Shráid Chnoc na Lobhar, a fhaigheann glaonna 999/112 ón bpobal agus a shlógann na hacmhainní cuí seirbhíse dóiteáin i gContae Cheatharlach.**

Soláthraítear seirbhísí amhail riarachán, gníomhaíochtaí coisc dóiteáin, Rialú Foirgníochta agus Bainistíocht Móréigeandála, i measc nithe eile, amach ó Cheanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin ar an Lána Glas, Baile Cheatharlach.

Bhí ag an maolú a rinneadh le linn na bliana 2021 ar shrianta COVID-19 a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020 tionchar suntasach ar an líon teagmhas éigeandála ar fhreastail Seirbhís Dóiteáin Contae Cheatharlach orthu. Bhí an líon iomlán teagmhas éigeandála ar freastalaíodh orthu sa bhliain 2021 (540 teagmhas) thart ar 17% níos airde ná an líon sa bhliain 2020 (466 theagmhas).

I mí Mheán Fómhair 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht Tuarascáil Táscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil don bhliain 2020. Léiríodh sa tuarascáil sin go raibh ag Údarás Dóiteáin Cheatharlach an ceathrú costas is ísle per capita sa tír ar fad, agus é cothrom le €34.32 in aghaidh an duine den daonra. Is toradh maith é sin i gcomparáid leis an meánchostas náisiúnta, arb ionann é agus €62.69 per capita.

Tarraingíodh aird sa tuarascáil freisin gur tharla sé, i 98% de na cásanna inar slógadh seirbhísí, gur bhain criú ó Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach láthair an teagmhais éigeandála amach laistigh de 20 nóiméad ó am an tslógtha.




Deonaíodh iarratais ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán laistigh den tréimhse reachtúil dhá mhí i 63% de chásanna, figiúr ba mhó ná an meán náisiúnta 54%.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

I mí na Nollag 2021, dheimhnigh Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann córas bainistíochta sábháilteachta Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach de réir chaighdeán ISO 45001. Is deimhniú é sin go bhfuil an córas bainistíochta sábháilteachta i Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Contae Cheatharlach ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus is aitheantas é freisin don dua agus an tiomantas atá ann ar fud na rannóg agus na leibhéal uile do na seirbhísí a theastaíonn chun an caighdeán sin a bhaint amach a sholáthar.

Chun an dámhachtain sin a bhaint amach, rinne Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann iniúchadh dhá lá ar Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde na Seirbhíse Dóiteáin. Mar thoradh ar chaighdeán ISO 45001 a bheith bronnta uirthi, tá aitheantas idirnáisiúnta ag an eagraíocht i scothchatagóir gnóthaí agus tá sí ar cheann den dornán seirbhísí dóiteáin in Éirinn ar bronnadh an caighdeán sin orthu.

Cuireadh Seirbhís Dóiteáin Contae Cheatharlach ar an ngearrliosta sa Chatagóir Seirbhíse Poiblí de na Gradaim um Shármhaitheas i Sláinte agus Sábháilteacht i mí Iúil 2021. Bhí an tSeirbhís Dóiteáin Contae ar an ngearrliosta i dteannta Ospidéal Mater Misericordiae, Instititiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Líonraí Gáis Éireann.

## Cistiú Caipitil

An 29 Nollaig, d'fhógair Darragh O'Brien, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Clár Caipitil nua don tSeirbhís Dóiteáin arbh fhiú €61 mhilliún é. Mar chuid den fhógra sin, leithdháileadh cistiú ab fhiú €500,000 ar Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach sa chlár cistiúcháin 2021-2022 le haghaidh Stáisiún Dóiteáin Mhuine Bheag a athchóiriú agus a uasghrádú, ar dá bharr a chuirfear feabhas mór ar na dálaí oibre do chomhraiceoirí dóiteáin laistigh den stáisiún.

Fuair Seirbhís Dóiteáin Contae Cheatharlach cistiú ón Stiúrthóireacht Náisiúnta le haghaidh roinnt Tionscadal Caipitil sa bhliain 2021. Áirítear leo sin:

- Oibreacha fairsinge tógála agus feabhsúcháin ag Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid
- Fearas Dóiteáin Aicme B (a meastar go soláthrófar é sna míonna tosaigh den bhliain 2023)
- Comhbhrúiteoir Gairis Análaithe Athsholáthair do Stáisiún Dóiteáin Bhaile Cheatharlach
- Aonad Ceannais Teagmhas Athsholáthair
- Forcardaitheoir d'Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid
- Raon Trealaimh Tarrthála Uisce
- Raon saintrealaimh le haghaidh obair ar airde

## Oiliúint

Lean paindéim COVID-19 le tionchar suntasach a bheith aici ar an gclár bliantúil oiliúna. Chun breith ar an am oiliúna a cailleadh, comhdhlúthaíodh cúrsaí isteach sa tréimhse idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh, agus cuireadh oiliúint fhairsing ar siúl i mí Dheireadh Fómhair freisin. Chuir comhraiceoirí dóiteáin oiliúint 1980 uair an chloig san iomlán i gcrích i ndisciplíní éagsúla oibriúcháin sa bhliain 2021.

Forbraíodh cúrsaí oiliúna nua chun rioscaí agus guaiseacha ar leith laistigh den Chontae a léiriú. D'éascaigh Teagasc, Páirc na Darach, seisiún oiliúna aonlae do chomhraiceoirí dóiteáin sna teicnící a úsáidtear chun feirmeoirí agus oibrithe feirme atá sáinnithe in innealra talmhaíochta a tharrtháil.

## Ionad Oiliúna agus Forbartha Bhaile Haicéid

Cé go raibh éifeacht shuntasach ag paindéim COVID-19 ar Chláir Oiliúna na Seirbhísí Dóiteáin ar fud na tíre, d'éascaigh Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid cúrsaí oiliúna i nGaireas Análaithe agus in

Iompraíocht Dóiteáin Urrainne dóibh seo a leanas le linn na bliana 2021: Seirbhísí Dóiteáin Laoise, Chill Chainnigh, Loch Garman, Chill Mhantáin, Phort Láirge, Thiobraid Árann, Luimnigh, Chiarraí agus na Mí; Seirbhís Dóiteáin Contae Chorcaí; Aerchór na hÉireann; agus Óglaigh na hÉireann.

D'óstáil Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid cúrsaí oiliúna agus forbartha ar feadh 234 lá san iomlán le linn na bliana 2021, agus tiocfaidh méadú ar an líon cúrsaí oiliúna a óstálfar i mBaile Haicéid sa bhliain 2022 a luaithe a chuirfear na hoibreacha tógála agus feabhsúcháin atá beartaithe i gcrích.

## Oibríochtaí

Bhí an líon teagmhas éigeandála ar fhreastail Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Contae Cheatharlach orthu sa bhliain 2021 17% níos airde ná an líon sa bhliain 2020. Is téama coiteann é sin i measc Seirbhísí Dóiteáin ar fud na hÉireann agus is féidir é a chur síos den chuid is mó den mhaolú, i gcomparáid leis an mbliain 2020, a bhí ann ar na srianta a forchuireadh chun leathadh COVID-19 a shrianadh.

Dúshláin don tSeirbhís Dóiteáin a bhí sa diantuile a tharla ar fud an Chontae ar Lá Nollag 2021 agus a bhí i roinnt teagmhas dianaimsire. Tá gníomhachtuithe bréagacha aláram dóiteáin a ndéantar faireachán orthu in áitribh thráchtála agus theaghlaigh ag cruthú fadhbanna don tseirbhís dóiteáin fós agus tá tionscnaimh á bhforbairt chun féachaint le hiad a laghdú.



## Sábháilteacht ó Dhóiteán sa Phobal agus Cosc Dóiteáin

I dteannta a cuid gníomhaíochtaí oibríochta, d'imir Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach ról an-ghníomhach i sábháilteacht ó dhóiteán a chur chun cinn agus leanann sí le cigireacht a dhéanamh ar fhoirgnimh thionóil phoiblí ar mhaithe leis na hoibleagáidí faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003, a chomhlíonadh.

Glacann Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach ról réamhghníomhach i Sábháilteacht ó Dhóiteán






*Freagraíonn Seirbhísí Éigeandála i ndiandálaí aimsire*

sa Phobal a chur chun cinn, go háirithe le linn na Seachtaine Sábháilteachta ó Dhóiteán, a bhí ar siúl idir an 4 Deireadh Fómhair agus an 11 Deireadh Fómhair 2021. Mar chuid den tSeachtain Sábháilteachta ó Dhóiteán, is gnách go dtugtar cuireadh do dhaoine den phobal chun teacht isteach inár Stáisiúin chun amharc ar ár gcuid trealaimh agus fearas, chun labhairt le hOifigigh um Chosc Dóiteáin agus chun amharc ar thaispeántais agus taispeáintí ina léirítear sábháilteacht ó dhóiteán. I gcomhthéacs phaindéim COVID-19, cuireadh na gníomhaíochtaí uile ar siúl go fíorúil. Foilsíodh teachtaireachtaí ar ár leathanaigh ar na meáin shóisialta gach lá agus rinneadh agallaimh raidió le KCLR agus le Beat FM. Rinne an Comh. Fintan Phelan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, an tSeachtain Sábháilteachta ó Dhóiteán a sheoladh go hoifigiúil Dé Luain an 4 Deireadh Fómhair.

Críochnaíodh an próiseas bliantúil ceadúnaithe agus cigireachta áitreabh i mí Mheán Fómhair agus tá iarratais ar athnuachan ceadúnais ó thithe tábhairne, ó ionaid damhsa agus ó bhialanna os comhair na gCúirteanna faoi láthair. Rinneadh cigireacht ar 42 áitreabh san iomlán roimh an dáta Cúirte ag deireadh mhí Mheán Fómhair. Tugadh faoi chorp mór oibre chun forálacha an Achta Seirbhísí Dóiteáin agus na dualgais riaracháin a bhaineann le deimhnithe, litreacha agus coinníollacha ceadúnais a eisiúint a chomhlíonadh. Eisíodh roinnt litreacha rabhaidh chuig úinéirí áitribh agus chuig áititheoirí tar éis cigireachtaí a rinneadh de bhun gearáin a fháil ó dhaoine den phobal, de bhun saincheisteanna a tháinig chun cinn tar éis teagmhas agus de bhun nithe eile ar tarraingíodh aird na nOifigeach Dóiteáin orthu.

## Rialú Foirgníochta

Déanann an Rannóg um Rialú Foirgníochta bainistiú gníomhach ar an gCóras Bainistíochta Rialú Foirgníochta. Tugann sí faoi chigireachtaí rialta ar thionscadail foirgníochta chun comhlíonadh Chodanna A go M de na Rialacháin Foirgníochta a chinntiú le linn chéim na tógála, agus bailíochtú agus scrúdú teicniúil á ndéanamh aici ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas. Cuireann sí daoine den phobal ar an eolas faoin gcóras freisin. Tá na hIarratais uile ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ar Dhóiteán agus ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas á ndéanamh anois trí Chóras Bainistíochta na Rannóige um Rialú Foirgníochta.

D'oibrigh an Rannóg um Rialú Foirgníochta i ndlúthchomhar leis an Oifig Náisiúnta um Fhaireachas Margaidh, ar oifig nuabhunaithe í a dhéanann faireachán ar cháilíocht agus

caighdeán na dtáirgí tógála a thairgtear lena ndíol i gContae Cheatharlach. Rinneadh cigireachtaí neamhfhógartha tosaigh agus cigireachtaí leantacha ar roinnt áitreabh ar a dtairgtear táirgí tógála lena ndíol i gContae Cheatharlach.

Bhí an líon Fógraí Tosach Feidhme a fuarthas sa bhliain 2021 (192 cheann) 27% níos airde ná an líon a fuarthas sa bhliain 2020 (151 cheann).

Plean Oibríochtaí Alt 26 d'Údaráis Áitiúla i gcás Dóiteáin nó Éigeandála

Le linn chruinniú Chomhairle Contae Cheatharlach i mí Dheireadh Fómhair, ritheadh d'aon ghuth Plean Oibríochtaí Alt 26 d'Údaráis Áitiúla i gcás Dóiteáin nó Éigeandála.

Is é atá i bPlean Alt 26 ná Plean Oibríochtaí i gcás Dóiteáin nó Éigeandála ina mionsonraítear na gnéithe eagraíochtúla uile d'oibríochtaí dóiteáin agus éigeandála a bheith á soláthar ag an Údarás Áitiúil trína Sheirbhís Dóiteáin. Leagtar amach ann an struchtúr eagrúcháin, an pearsanra, an trealamh, na stáisiúin dóiteáin, na soláthairtí uisce, an oiliúint, na nósanna imeachta agus na hacmhainní uile a theastaíonn agus aon nithe gaolmhara eile.

Mionsonraítear sa phlean na socruithe reatha laistigh den údarás dóiteáin agus leagfar amach ann freisin pleananna straitéiseacha agus spriocanna don údarás dóiteáin do na cúig bliana romhainn.

## Flít Athléimneachta na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin

Leanann Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach le tacú le hobair na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin trí bhainistiú a dhéanamh ar fhlít na Stiúrthóireachta, ina bhfuil 11 cheann d'fhearais dóiteáin Athléimneachta agus Oiliúna. Déantar an 11 fhearas dóiteáin sin a bhainistiú agus a chothabháil trí Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach. Úsáideann an Stiúrthóireacht Náisiúnta iad chun Clár Náisiúnta Oiliúna na Seirbhíse Dóiteáin a sholáthar d'oifigigh dhóiteáin ag gach céim, idir Earcaithe agus Oifigigh Shinsearacha.

Rinneadh dhá Fhearas Dóiteáin Aicme B sa bhreis a cheannach agus a chur leis an bhFlít Athléimneachta Náisiúnta le linn na bliana 2021.




*Práinnfhreagairt – Cill Uisean*

# Bóithre, Iompar agus Tionscadail Speisialta

**1,329 km**
Fad an ghréasáin bóithre i gContae Cheatharlach

**36**
An líon éileamh forchúitimh cistiúcháin, arbh ionann a luach agus €10,716,206

**70**
An líon comórtas (doiciméid ullmhaithe a fógraíodh, a measúnaíodh agus a dámhadh)

**109**
An líon Orduithe ón bPríomhfheidhmeannach/ ón Stiúrthóir Seirbhísí

**80**
An líon Cóireálacha Seirbhísí Geimhridh de Thosaíocht 1, ar úsáideadh 750 tonna de shalann lena linn

**41**
An líon Cóireálacha Seirbhísí Geimhridh de Thosaíocht 2, ar úsáideadh 1,060 tonna de shalann lena linn

**326**
An líon Ceadúnas Oscailte Bóthair a próiseáladh

**64**
An líon Iarratas Ualaigh Neamhghnách a próiseáladh

**€422,283**
An tsuim a caitheadh ar Oibreacha Náisiúnta Cothabhála Bóithre

**€1,990,000**
An tsuim a caitheadh ar Oibreacha Náisiúnta Feabhsúcháin Bóithre

**€3,415,500**
An tsuim a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a Neartú

**€979,500**
An tsuim a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a Athshéalú

**€260,000**
An tsuim a caitheadh ar Bhóithre agus Droichid Bhóthair Réigiúnacha agus Áitiúla a Chothabháil agus a Fheabhsú

**€1,539,405**
An tsuim a caitheadh ar oibreacha Draenála, Sábháilteachta Bóthair agus Feabhsúcháin ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

**6,499**
An líon Soilse Poiblí sa chontae

**2,670**
An líon Soilse Poiblí LED sa chontae

**1,889**
An líon Deisithe a rinneadh ar Shoilsiú Poiblí

**€614,890**
Costais Fuinnimh agus Feabhsúcháin a bhain le Soilsiú Poiblí

# Bóithre agus Iompar

**Tá an-tábhacht ag baint le dea-ghréasán bóithre agus iarnróid a bheith ann ar mhaithe le rathúnas eacnamaíoch an chontae. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh dea-rochtain ann ar Bhaile Átha Cliath, ar na calafoirt, agus ar na bailte móra sa réigiún. Chun críocha eacnamaíocha, sóisialta agus áineasa sa limistéar áitiúil, tá sé ríthábhachtach freisin go ndéanfaí an bonn sócmhainne bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chothabháil de réir na gcaighdeán is airde is féidir, i gcomhréir leis an gcistiú atá ar fáil.**

Is é beartas na Comhairle ná bóithre atá ann cheana a chothabháil, a fhorbairt agus a fheabhsú agus bóithre nua a thógáil a mhéid is féidir laistigh de na hacmhainní airgeadais atá ar fáil. Tá 1,329 km ann sa ghréasán bóithre i limistéar riaracháin Cheatharlach, rud atá comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

| Cineál Bóthair | Km |
|---|---|
| Mótarbhealaí | 24km |
| Bóithre Náisiúnta den Dara Grád | 54km |
| Bóithre Réigiúnacha | 86km |
| Bóithre Áitiúla | 1,065km |
| DLRG | Nil |

## An Gréasán Mótarbhealaí

Is é Bonneagar Iompair Éireann a bhainistíonn gach scéim mótarbhealaigh agus a sholáthraíonn cistiú dóibh.

## An Gréasán Bóithre Náisiúnta den Dara Grád

Soláthraíonn Bonneagar Iompair Éireann cistiú do bhóithre náisiúnta. Fuarthas leithdháileadh tosaigh €2,328,783 sa bhliain 2021 chun oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin a dhéanamh ar dhroichid agus ar charrbhealaí agus chun freastal ar na costais a bhaineann le maoirseacht agus cothabháil ghinearálta a dhéanamh ar an ngréasán bóithre náisiúnta agus le soilsiú poiblí a leagan ar an ngréasán.

Ina dhiaidh sin, rinne Comhairle Contae Cheatharlach iarratas ar chistiú breise agus dámhadh di é mar a leanas:

| Catagóir Cistiúcháin | Tionscadal | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| **Scéim Feabhsúcháin Cosán**<br>Bunaithe ar shuirbhé cuimsitheach ar an ngréasán bóithre náisiúnta | 0a An N80 Cill Mhuire go Cill Ghréine<br>An N81 Baile Bheit Beag/Mór | €1,000,000<br>€784,000 |
| **Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Bhóithre Náisiúnta**<br>Leithdháileadh chun dul chun cinn a dhéanamh ar an Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta trí Chéimeanna 1 go 7 den Treoir Bainistíochta Tionscadail | An N80 Scéim Feabhsúcháin Chora an Leamhaigh | €200,000 |
| **IARRATAS RATHÚIL**<br>**Scéim Cothabhála Cosán**<br>Tionscadail ar mó iad ná Tionscadail Lochtanna agus ar lú iad ná Tionscadail Feabhsúcháin Cosán. Is gnách go mbíonn luach na dtionscadal sin sa raon idir €50k agus 200k. | An N81 Cill Mogharbhóg<br>An N80 Bóthar an Dochtúra Uí Chuilinn | €200,000<br>€100,000 |
| **IARRATAS RATHÚIL**<br>**Scéim Cothabhála Lochtanna**<br>Cistiú breise le haghaidh bearta práinneacha leasúcháin. Is gnách gur lú a luach ná €50k | Oibreacha ar 15 láthair ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta | €190,000 |

| Catagóir Cistiúcháin | Leithdháileadh |
|---|---|
| **Feabhsú Athchóirithe**<br>Dírítear sa chlár seo ar fheabhsuithe a dhéanamh ar shláine struchtúrtha na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. | €3,415,500 |
| **Cothabháil Athchóirithe agus Cothabháil Athchóirithe Fhorlíontach**<br>Dírítear sa chlár seo ar fheabhsuithe a dhéanamh ar dhromchlaí na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. | €979,500 |
| **Athshlánú Droichead**<br>Dírítear sa chlár seo ar dheisiúcháin a dhéanamh ar dhroichid atá suite ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla ar fud an chontae. | €210,000 |
| **Deontas Feabhsúcháin Shonraigh**<br>Tá sé mar aidhm leis an Deontas Feabhsúcháin Shonraigh Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, rud a ngabhann costas measta iomlán tionscadail suas le €5 mhilliún leis, rannchuidiú le tabhairt faoi na measúnuithe a theastaíonn chun dul chun cinn a dhéanamh ar Fheabhsuithe Acomhail ar Bhóthar Chill Chainnigh/an R448. | €200,000 |
| **Deontas Feabhsúcháin Straitéisigh**<br>Tá sé mar aidhm leis an Deontas Feabhsúcháin Straitéisigh Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, rud a ngabhann costas measta iomlán tionscadail os cionn €5 mhilliún leis, rannchuidiú le tabhairt faoi na measúnuithe a theastaíonn chun dul chun cinn a dhéanamh ar Bhóthar Faoisimh Theas Cheatharlach. | €100,000 |
| **Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta**<br>Dírítear sa chlár seo ar fheabhsuithe a dhéanamh ar shaincheisteanna sábháilteachta de chuid Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a sainaithníodh go sonrach. | €185,000 |
| **An Fardal Reachta Dromchla Cosáin: Tacaíocht Suirbhé**<br>Tá sé mar aidhm leis an Deontas seo rannchuidiú le tabhairt faoi Shuirbhé Rátála an Fhardail Reachta Dromchla Cosáin ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. | €10,000 |
| **Deontas Oiliúna**<br>Dírítear sa Deontas seo ar oiliúint shonrach a chur ar bhaill foirne a bhfuil baint acu le tionscadail Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. | €28,500 |
| **Oibreacha Draenála**<br>Dírítear sa chlár seo ar fheabhsuithe a dhéanamh ar dhraenáil uisce dromchla na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. | €267,468 |
| **Iar-Bhóithre Náisiúnta**<br>Dírítear sa chlár seo ar fheabhsuithe a dhéanamh ar shláine struchtúrtha na nIar-Bhóithre Náisiúnta sa chontae. | €350,000 |
| **Scéim Rannpháirtíochta Pobail**<br>Dírítear sa chlár seo ar fheabhsuithe a dhéanamh ar shláine struchtúrtha agus dromchlaí na mBóithre Áitiúla den Tríú Grád sa chontae, i gcomhar leis na húinéirí réadmhaoine gaolmhara. | €334,500 |
| **Deontas Lánroghnach**<br>Rannchuidíonn an Deontas seo le híoc as na costais a bhaineann le maoirseacht, le soilsiú poiblí, le suiteálacha comharthaíochta cothabhála geimhridh agus ginearálta, le marcanna bóthair, le feabhsuithe cosán/le deisithe ar an ngréasán bóithre neamhnáisiúnta. | €1,087,000 |
| **IARRATAS RATHÚIL**<br>**Oibreacha um Oiriúnú don Aeráid agus um Athléimneacht i leith na hAeráide**<br>Tá sé mar aidhm leis an Deontas seo tabhairt faoi chlár spriocdhírithe oibreacha feabhsúcháin ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla | €236,300 |

## Scéim Feabhsúcháin Áitiúil

D'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú le haghaidh Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla, dá bhfuair Ceatharlach €270,000 chun tabhairt faoi chlár um fheabhsuithe spriocdhírithe ar shláine struchtúrtha agus dromchlaí na mbóithre príobháideacha sa chontae i gcomhar leis na húinéirí réadmhaoine gaolmhara.





*Droichead Lóiste an tSrutháin, Co. Cheatharlach.*





*An Cosán ar an mBuiríos, roimh na hOibreacha agus ina nDiaidh*

# Tioncscadail Speisialta

## An Ciste um Athghiniúint Uirbeach – Baile Cheatharlach

**I mí na Bealtaine 2020, d'iarr an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil iarratais ó Údaráis Áitiúla ar scéimeanna lena mbreithniú faoin Dara Glao den Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach, atá mar chuid de Chlár an Rialtais. Chuir Comhairle Contae Cheatharlach iarratas isteach ar chistiú Ghlao 2 ar áiríodh leis roinnt de na hidirghabhálacha a beartaíodh i dTionscadal Cheatharlach 2040. Is é is Tionscadal Cheatharlach 2040 ann ná straitéis athghiniúna ar ghlac an Chomhairle í chun Ceatharlach a bhunathrú ina lárionad cumhachta réigiúnach ina mbeidh fás inbhuanaithe agus cáilíocht beatha níos fearr do chách.**

B'ionann luach iomlán an iarratais agus €20.8m, dá bhfaighfí 75% trí chúnamh deontais tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach.

### Na Tionscadail

Is iad seo a leanas na scéimeanna a cuireadh isteach lena mbreithniú:

- Nasc Iarnróid agus Feabhsú Ríochta Poiblí ó Choláiste Cheatharlach go Lár an Bhaile: €2.7m
- Feabhsú Ríochta Poiblí ar Shráid na Tulaí agus ar Shráid Bhaile Átha Cliath: €1.9m
- Feabhsú Ríochta Poiblí ar an Margadh Prátaí: €7.8m
- Feabhsú Ríochta Poiblí agus nascacht nua ón Margadh Prátaí go Sráid na Beairice trí Ionad Siopadóireachta Cheatharlach: €3.0m
- Sráid na Beairice, lena n-áirítear Cearnóg na Seamróige agus Coirnéal Mhic Thomáis/an Pháirc Bus: €3.7m
- Feabhsú Ríochta Poiblí ar Ascaill Uí Chinnéide: €1.7m

Is í an fhís ná go mbeadh Baile Cheatharlach ina bhaile cuimsitheach, dlúth agus inrochtana a bheadh ag feidhmiú go maith agus a mbeadh geilleagar áitiúil a bheadh láidir agus éagsúil mar bhonn agus thaca aige. Is í an aidhm go gcruthófaí Lár Baile beoga lena ndéanfaí soláthar do ghréasán spásanna oscailte, úsáidí áineasa agus gnéithe eile bonneagair shóisialta a bheadh nasctha lena chéile agus lena soláthrófaí dea-cháilíocht beatha do chách.

Cuireadh in iúl do Chomhairle Contae Cheatharlach go foirmiúil i mí Lúnasa gur tugadh ceadú sealadach le haghaidh na suime iomláine a iarradh do na scéimeanna a cuireadh isteach lena mbreithniú. Deimhníodh ceadú sealadach freisin le haghaidh aistriú chuig an gcéad chéim eile de shaolré an tionscadail. Maidir leis an gCód Caiteachais Phoiblí, is í Céim an Cháis Gnó Shealadaigh í.



## Taisteal Gníomhach

I mí na Nollag 2020, d'iarr an tÚdarás Náisiúnta Iompair iarratais ó Chomhairle Contae Cheatharlach ar scéimeanna atá le breithniú le haghaidh cistiú faoin gClár Taistil Ghníomhaigh.

Chuir Comhairle Contae Cheatharlach liosta cuimsitheach scéimeanna isteach lena mbreithniú i mí Eanáir 2021. D'éirigh léi cistiú tosaigh a bhí cothrom le geall le €2.5m le haghaidh tionscadail taistil ghníomhaigh a fháil i mí an Mhárta agus d'éirigh léi cistiú breise dar luach €0.46m i gcistiú bonneagair lasmuigh a fháil i samhradh na bliana sin.

Cheadaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair go n-earcófaí ceathrar ball foirne sa bhreis chun cabhrú leis an gClár Taistil Ghníomhaigh a sholáthar. Bunaíodh an fhoireann sin go mall sa bhliain 2021 agus chuir baill foirne an Cheantair Bhardasaigh na hoibreacha eatramhacha i gcrích chun scéimeanna 'atá réidh le tógáil' a sholáthar. Bhí obair dheartha agus an próiseas toilithe reachtúla ar siúl fós maidir leis na tionscadail eile.

| Scéim | Suim |
|---|---|
| Raon Rothar na Boirne – Dearadh | 100,000 |
| An limistéar idir Hanover agus Coláiste Tyndall – Dearadh agus Tógáil | 290,000 |
| Feabhsú Acomhail an Lána Ghlais – Dearadh | 60,000 |
| Scéim Rothaíochta Bhóthar na Tulaí, Ceatharlach – Dearadh agus Tógáil | 300,000 |
| Scéim Rothaíochta Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Ceatharlach – Dearadh agus Tógáil | 180,000 |
| Bóthar Bhaile Staplóg/Bóthar Bhaile Pholaird, Ceatharlach – Dearadh agus Tógáil | 63,000 |
| Nasc Tréscaoilteachta go dtí an Bhearú | 108,000 |
| Scéim Rothaíochta Bhaile na Tulaí | 250,000 |
| Cosáin sa Ghráinseach, i gCill Damháin agus sa Bhuiríos | 325,000 |
| Staidéir Iompair | 200,000 |
| Droichid Iarnróid, Muine Bheag | 50,000 |
| Scéimeanna Leithscartha Rothar | 100,000 |
| Feabhsuithe Acomhal/Trasrian Coisithe | 200,000 |
| Bonneagar Breise Lasmuigh | 460,000 |







## Malartán Cheatharlach

Is é atá i gceist leis an tionscadal ná láithreán folamh reatha a bhfuil balla cloiche aige i lár baile Cheatharlach a chlúdach. Clúdófar an spás le díon miotail séama sheasta a mbeidh éifeacht chré-umha aige. Ardófar an díon é féin os cionn na mballaí cloiche atá ann cheana chun nach mbeidh ach an tionchar is lú aige ar an gcreatlach stairiúil atá ann cheana.

Spás pobail bainistithe, clúdaithe, amuigh faoin spéir agus thart ar 334 m ar achar a bheidh ann. Is ionann luach chonradh an tionscadail, gan CBL a áireamh, agus €501,998.

Meastar go gcuirfear i gcrích é ag deireadh mhí Iúil 2022. Tá sé deartha chun go mbeidh sé ina spás oscailte solúbtha a bheidh oiriúnach do mhargaí, do thaispeántais, do ranganna lasmuigh, do cheolchoirmeacha, do sheónna agus do chruinnithe grúpa. Tá an déanmhas deartha chun go mbeidh sé uathúil laistigh de chreatlach uirbeach lár an bhaile. Beidh sé in-sainaitheanta lom láithreach mar nód sibhialta agus mar phointe fócais laistigh den ríocht phoiblí.

Chomh maith leis sin, soilseofar an foirgneamh san oíche le soilse LED chun cur le pailéad ábhartha an déanmhais agus chun an lear dóigheanna a bhféadfar é a úsáid a léiriú.




*Forbairt Mhalartán Cheatharlach, an Margadh Prátaí, Baile Cheatharlach.*

# Cosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach

**192**
Tacaíocht Leantach chun cabhrú le hoibríochtaí Covid-19

**54**
An líon ball deonach

**192**
Trealamh Tástála Covid-19 a ullmhú d'Ionad Cheatharlach um Thástáil Covid-19

**48**
An líon Coinní Othar a Aistríodh chuig Ospidéil Éagsúla san Oirdheisceart agus i mBaile Átha Cliath

**Eanáir**
Glao amach le haghaidh ladrann a úsáid i dteagmhas, Limistéar na Bearú

**Bealtaine**
Cuardach báid agus ladrainn dhá lá ar an mBearú

**Tá Comhairle Contae Cheatharlach ar an Údarás Cosanta Sibhialta do limistéar riaracháin Chontae Cheatharlach. San Acht um Chosaint Shibhialta, 2003, leagtar amach roinnt ról do Chosaint Shibhialta. Áirítear leis na róil sin: seirbhís chúltaca a sholáthar do na Bunseirbhísí Éigeandála; Seirbhís Pobail; Oiliúint i dTaismeach; Cumarsáidí Raidió; Tarrtháil; Leas; Comhrac Dóiteáin agus Scileanna Bádóireachta (cuardach agus aisghabháil). Soláthraíonn Cosaint Shibhialta seirbhís freisin don Údarás Áitiúil, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus do na Gardaí i gcás dálaí aimsire crua amhail tuile agus sneachta. Soláthraíonn Cosaint Shibhialta Faireachán Radaíochta i gcásanna éigeandála freisin.**

Leagtar amach i ndoiciméad an Chreata Bainistíochta Móréigeandála freisin róil agus freagrachtaí le haghaidh Cosaint Shibhialta i gcás éigeandálaí, ar nós Lárionaid Leasa a bhunú, Taismigh a chlárú, Freagracht a ghlacadh as oibrithe deonacha ócáideacha agus Cúltaca Líne Tánaistí do na Gníomhaireachtaí Freagartha Príomha.

Is oibrithe deonacha iad na baill uile de Chosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach, cé is moite den Oifigeach Cosanta Sibhialta, atá fostaithe ag Comhairle Contae Cheatharlach ar bhonn páirtaimseartha. Tá níos mó ná 54 bhall dheonacha ag Cosaint Shibhialta faoi láthair i láithreacha ar nós Bhaile Cheatharlach, Mhuine Bheag, na Buiríse agus Ráth Ana. Déantar oiliúint sheachtainiúil in ábhair amhail Garchabhair go leibhéal ACS, Freagróir Garchabhrach, na Chéad Fhreagóirí Éigeandála, Teicneoir Míochaine Éigeandála, Scileanna Comhraicthe Dóiteáin, Teicnící Tarrthála Mearuisce, Tarrtháil Theicniúil, Scileanna Cuardaigh, Leas etc., a theagasc agus a chleachtadh. Ar ár sceideal oiliúna ag an deireadh seachtaine, déantar na hábhair a theagasctar a chleachtadh agus tástáiltear na scileanna a thagann as in aghaidh contaetha eile in iomaíocht ag ionaid éagsúla.

Soláthraíonn aonaid Bhád Cosanta Sibhialta cúnamh cúltaca don tseirbhís Dóiteáin agus do na Gardaí i gcásanna Cuardaigh agus Aisghabhála Abhann. Oiltear deonacha i scileanna bádóireachta, teicnící cuardaigh agus aisghabhála abhann agus talún do chásanna cúltaca do na Gardaí. Reáchtáiltear cúrsaí i bhFeasacht Uisce agus sa Chéad Fhreagróir do Thuile Mearuisce ar fud na bliana.

Lean Cosaint Shibhialta Cheatharlach ar aghaidh ag cabhrú le hoibríochtaí Covid-19 sa bhliain 2021. Bhí oibríochtaí Covid-19 comhdhéanta de bhreathnú i ndiaidh Sláinte agus Leasa.

# An Rannóg Tithíochta

**1,951**
Iomlán an stoic tithíochta sóisialta

**360**
Iomlán na ndaoine a bhí ar an Scéim Cóiríochta Cíosa

**695**
Iomlán na ndaoine a bhí ag fáil Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, ar méadú 124 dhuine é ón mbliain 2020

**95**
An líon Réadmhaoine Léasa Fhadtéarmaigh

**5**
An Scéim Deisiúcháin agus Léasúcháin

**240**
An líon daoine a Tháinig i Láthair de dheasca Easpa Dídine

**168**
Iomlán na nDaoine a Cuireadh isteach i gCóiríocht Éigeandála
An líon Cásanna Easpa Dídine a Coisceadh (117 gcinn trí obair chun í a chosc agus 51 cheann trí Aimsitheoir Áite na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta)

**53**
An líon Tithe Lándéanta nó Tithe a Fuarthas mar Éadáil

**16**
Iomlán na dTithe a Tógadh go Díreach sa bhliain 2021

**43**
An líon Tithe a Athligeadh ar Cíos

**23.3 seachtain**
An mheántréimhse Athligin

**224**
An líon Tithe a Leithdháileadh (Áirítear leo sin 12 Theach a Leithdháileadh ar Dhaoine den Lucht Siúil agus 34 Theach a Leithdháileadh ar Dhaoine faoi Mhíchumas)

**63**
An líon Gearán faoi Iompraíocht Fhrithshóisialta

**2,481**
An líon Glaonna Cothabhála

**€6.3 milliún**
Iomlán na gCíosanna a Bailíodh (ráta bailithe 97%)

**€4.4 milliún**
Iomlán na 29 Morgáiste a Ceadaíodh i bPrionsabal

**€970,870**
Iomlán an 190 Deontas a Ceadaíodh faoin Scéim Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

**€275,426**
Iomlán na 58 nDeontas a Ceadaíodh faoin Scéim Deontas Áiseanna Soghluaisteachta

**€647,302**
Iomlán an 52 Dheontas a Ceadaíodh faoin Scéim Deontas Oiriúnaithe Tí

## Is é beartas Rannóg Tithíochta Chomhairle Contae Cheatharlach:-

- Gach teaghlach a chumasú teaghais inacmhainne ar chaighdeán maith a bheith aige, rud atá oiriúnach dá riachtanais, atá suite i dtimpeallacht mhaith agus, chomh fada agus is féidir, lena ngabhann an tionacht de rogha an teaghlaigh.
- Úinéireacht tí a spreagadh agus earnáil cíosa, idir phoiblí agus phríobháideach, atá rathúil, níos éagsúla agus dea-bhainistithe a chur chun cinn.
- Caighdeáin mhaireachtála agus tógála gach réadmhaoine a choimeád de réir caighdeán ard.
- Idirchaidreamh a dhéanamh lenár gcuid tionóntaí agus comhpháirtithe sóisialta chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar riachtanais reatha agus ar riachtanais amach anseo.

## Is féidir gníomhaíochtaí Chomhairle Contae Cheatharlach mar Údarás Tithíochta a achoimriú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Tithíocht Shóisialta ar cíos a sholáthar, a bhainistiú agus a chothabháil
- An t-éileamh ar thithíocht shóisialta a athbhreithniú agus a nuashonrú
- Deontais féinchabhrach a sholáthar chun cur ar chumas tionóntaí feabhsuithe a dhéanamh ar a dteach
- Úinéireacht tí a spreagadh trí scéim Iasachtaí Tí Atógáil Éireann a chur chun cinn
- Feabhas a chur ar chóiríocht, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas araon, trí chúnamh deontais a thabhairt faoin Scéim Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas, faoin Scéim Deontas Áiseanna Soghluaisteachta agus faoin Scéim Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta
- Obair i gcomhar le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus le Comhlachtaí Deonacha chun cabhrú le freastal ar riachtanais tithíochta i gCeatharlach
- An Scéim Cóiríochta Cíosa/Scéimeanna Léasúcháin agus an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a oibriú le haghaidh soláthar tithíochta sóisialta
- Oibriú na Scéime ‘Cíos in ionad Morgáiste’
- An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil a chur chun feidhme
- An Clár Uasghrádaithe Fuinnimh a chur chun feidhme
- An Clár Cigireachtaí Tithíochta



*Gairdíní Céadfaí Delta, Ceatharlach.*

# Pobal, Áineas agus Taitneamhacht

**146**
An líon deontas a dámhadh faoin Scéim Deontas Comhshaoil/ Taitneamhachta 2021, arbh ionann a luach agus €62,620

Dámhadh 26 Dheontas tríd an gCiste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail, arbh ionann a luach agus
**€19,550**

Dámhadh 221 Deontas faoi Chistí Lánroghnacha Chomhairle Contae Cheatharlach, arbh ionann a luach agus
**€102,886.86**

**800**
An líon Glaonna Pobail a fuarthas i leith phaindéim Covid-19

**€106,196**
An tsuim a dámhadh don Chlár Éire Shláintiúil ón Roinn Sláinte faoi Chiste Meabhairshláinte Pobail

Ceadaíodh 6 dheontas faoin Scéim Deontas Caipitil Fiontar Sóisialta, arbh ionann a luach agus
**€19,097.38**

**81**
An líon deontas a dámhadh tríd an gClár um Fheabhsú Pobail, arbh ionann a luach agus €134,206

Ceadaíodh tionscadal Leader, arbh ionann a luach agus
**€1,498,750**

**Lean Comhairle Contae Cheatharlach ag cur leis an gcaidreamh láidir oibre atá ar bun aici leis na pobail uile ar fud Chontae Cheatharlach le linn na bliana 2021. Dámhadh na deontais seo a leanas do Ghrúpaí Pobail agus do Chumainn Cónaitheoirí sa bhliain 2021.**

| | | |
|---|---|---|
| **Scéim Deontas Comhshaoil/Taitneamhachta 2021**<br>Bearradh féir, gearradh fálta agus crann, agus crainn agus toir dhúchasacha nua a chur. Feabhas a chur ar limistéir choiteanna ghlasa do gach ball eastáit. Soithí Plandaí agus Boscaí Fuinneoige atá Neamhdhíobhálach do Phailneoirí. Suíocháin agus binsí a sholáthar i láithreacha picnicí. Comharthaí a chur in airde, cosáin a dheisiú agus a athsholáthar, agus ceapacha atá Neamhdhíobhálach do Phailneoirí a fhorbairt. | 146 | €62,620.00 |
| **An Ciste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail**<br>Tionscadail lena gcabhraítear leis an bhfeasacht chomhshaoil a mhéadú ar an leibhéal áitiúil nó lena gcuirtear tógáil pobal níos glaise agus níos inbhuanaithe chun cinn. Cistiú meaitseála ó Chomhairle Contae Cheatharlach agus ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. | 26 | € 19,550.00 |

| | | |
|---|---|---|
| **Cistiú Lánroghnach**<br>Chruthaigh na comhaltaí de Chomhairle Contae Cheatharlach an scéim chun tacú le grúpaí pobail agus iad ag iarraidh tionscadail a sholáthar agus a chur chun cinn ina gceantar. | 221 | €102,886.86 |
| **An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP)**<br>Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail in iúl gur cuireadh bliain eile leis an gClár reatha um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) agus go leanfadh sé ar aghaidh go dtí an 31 Nollaig 2023 anois. | | €563,572.00 |
| **An Clár um Fheabhsú Pobail**<br>Fuair Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Cheatharlach €134,206.00 faoin gClár um Fheabhsú Pobail 2021 (30% le haghaidh grúpaí/eagraíochtaí pobail, agus 70% le haghaidh tionscadail chuimsithe shóisialta). | 81 | €134,206.00 |
| **Clár Idirthréimhseach LEADER 2021-2022**<br>Sa bhliain 2021, cheadaigh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúla:<br>16 Léiriú Spéise i gclár LEADER sna réimsí seo a leanas: Turasóireacht Tuaithe; Féilte; Fiontar Tuaithe; Bailte Tuaithe; Cuimsiú Sóisialta; agus an Comhshaol.<br>2 thionscadal Comhair dar luach €59,969.25 | 16<br><br>2 | €1,498,750.00<br><br>€59,969.25 |
| **Scéim Deontas Caipitil Fiontar Sóisialta (Ciste na gCuntas Díomhaoin)**<br>Is é a bhí sa Scéim Deontas Caipitil Fiontar Sóisialta 2021 ná tionscnamh ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoin mBeartas Náisiúnta Fiontar Sóisialta d'Éirinn a raibh mar aidhm léi tacú le fiontair shóisialta. | 6 | €19,097.38 |
| **An Dara Babhta de Chiste Éigeandála COVID-19**<br>Dámhadh €44,656 do Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Cheatharlach faoin dara babhta de Chiste Éigeandála COVID-19. | 45 | €44,656.00 |

## Ómós Áite Cheatharlach 2021

Mar thoradh ar shrianta COVID-19, aistríodh an 22ú hÓcáid Gradam le haghaidh Ómós Áite Cheatharlach óna hoíche gradam ina comhpháirtíocht le KCLR agus leis an gComhairle. D'fhógair Gary Graham, ar mholtóir neamhspleách é, na gradaim thar thrí lá ar Sheó Eimear Ní Bhraonáin ar KCLR Live. Mar bhailchríoch uirthi, craoladh seó dhá uair an chloig an 21 Deireadh Fómhair 2021, arbh é an ceathrú lá é, ar lena linn a fógraíodh na buaiteoirí foriomlána agus na haoichainteoirí.

I mbliana, d'iontráil 116 chumann cónaitheoirí agus 19 nGrúpa Bailte Slachtmhara Comórtas Ómós Áite Cheatharlach. Ba é Ráth Ana buaiteoir foriomlán Chomórtas na mBailte agus na Sráidbhailte agus bhuaigh Eastát na Darach Nua an chatagóir fhoriomlán Eastát. Bronnadh an Gradam um Spiorad Pobail ar Jim O'Reilly. Dámhadh 60 duais airgid do Ghrúpaí Pobail ar fud an chontae, arbh ionann a luach agus €16,000.

## Tionscadal Cuibhreann Pobail The Plots

Tar éis sos san oibriú de bharr na paindéime, chuir Tionscadal Cuibhreann Pobail The Plots coiste nua ar bun sa bhliain 2021 agus tá sé ag leanúint ar aghaidh ag oibriú go rathúil agus le tacaíocht dhíreach ó Chomhairle Contae Cheatharlach. Tionóladh 14 chruinniú i ndáil le Tionscadal Cuibhreann Pobail The Plots sa bhliain 2021.









*Gradaim Ómós Áite Cheatharlach*

## Obair na gCumann Cónaitheoirí

Tionóladh 18 gcruinniú sa bhliain 2021 chun tacú le Cumainn Cónaitheoirí a chur ar bun agus a reáchtáil i mBaile Cheatharlach. Cuireadh dhá Chumann Cónaitheoirí nua ar bun i mBaile Cheatharlach agus tá ag éirí go geal leo.

## Obair Pobail Mhuine Bheag

Tionóladh 11 chruinniú de chuid Ghrúpa Stiúrtha Limistéar Mhuine Bheag idir mí an Mheithimh agus mí na Nollag i mbliana. D'éirigh leis an ngrúpa sin roinnt tionscadal rathúil a chur i gcrích agus roinnt feabhsuithe pobail a dhéanamh sa bhaile.

## Obair Forbartha Pobail

- Thacaigh an t-oibrí pobail le ceithre iarratas ar chistiú idir mí an Mheithimh agus mí na Nollag. D'éirigh le trí cinn díobh, arbh ionann a luach agus €20,200.
- Naoi gcruinniú chun tacú le comhaontú úsáide comhroinnte idirghníomhaireachta Pháirceanna Bhóthar na Tulaí.
- Sé chruinniú chun tacaíocht pobail nua a chur ar bun i gCluain na nGall.
- Tacaíodh le 19 dtionscadal pobail arbh ionann a luach agus €20,300 agus a dámhadh tríd an gciste um Cheannaireacht Pobail a Thógáil 2021. Áiríodh leo sin glantacháin phobail, cuibhrinn, cuimsiú sóisialta, oiliúint sna meáin shóisialta, agus imeachtaí pobail.
- Táthar ag leanúint ar aghaidh ag tacú le hIonad Pobail na Darach Nua. Thacaigh Comhairle Contae Cheatharlach le tuarascáil iniúchóireachta fuinnimh a fhorbairt don ionad. Is é an toradh a bheidh air sin ná go mbeidh an t-ionad in ann iarratas a dhéanamh ar Dheontas Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann um Pobail Fuinnimh Níos Fearr sa bhliain 2022.

## Grúpa Idirghníomhaireachta Cheatharlach don Lucht Siúil

Déanann Grúpa Idirghníomhaireachta Cheatharlach don Lucht Siúil faireachán ar chur chun feidhme na ngníomhartha atá sa Straitéis Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil. Leanadh leis an obair a dhéanamh go cianda sa bhliain 2021, ar tionóladh ceithre chruinniú lena linn. Tháinig na Grúpaí Oibre Téamacha le chéile ar bhonn démhíosúil.

Tar éis iarratas rathúil ar chistiú dar luach €17,400 a dhéanamh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, bhíothas in ann leanúint le hOibrí Forbartha Pobail páirtaimseartha a fhostú trí Ionad Seirbhísí Pobail Naomh Caitríona chun tacaíocht a thabhairt d'Fhóram Cheatharlach don Lucht Siúil agus chun an Fóram a fhorbairt. Cuireadh tús leis an obair ar an Measúnú ar Riachtanais agus ar an bPlean Straitéiseach 2021-2024.

## Tionscadal Mhol Pobail Bhóthar na Tulaí

Tá sé beartaithe ag an gComhairle Contae mol pobail ilúsáide a thógáil ar chostas thart ar €2.5m ar Bhóthar na Tulaí, Ceatharlach. Leis an tionscadal sin, éascófar idir thacaí agus sheirbhísí nua agus thacaí agus sheirbhísí atá ann cheana, agus é ag freastal ar riachtanais fhisiciúla, shóisialta agus phobail. Is miondealaithe ina dtrí phríomhréimse atá na dtrí phríomh-chomhpháirt den tsaoráid: (1) Riarachán Ginearálta, (2) Limistéir Shóisialta agus (3) Spásanna gníomhaíochtaí. Dámhadh do Kenneth Hennessey Architects i mí Feabhra an tairiscint le haghaidh an tsaoráid ar Bhóthar na Tulaí a dhearadh. I mí an Mheithimh, cuireadh ceardlann ar siúl le Comhaltaí de Cheantar Bardasach Cheatharlach chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Dréacht-Phleananna Deartha le haghaidh fhoirgneamh Mhol Pobail Bhóthar na Tulaí.
Ag teacht sna sála air sin, cuireadh imeacht faisnéise 'buail isteach' don phobal ar na Dréacht-Phleananna Deartha ar siúl ar Pháirceanna Pobail Bhóthar na Tulaí. Ba dhearfach do na pleananna a bhí formhór na bhfreagraí a fuarthas. Cuireadh tús le próiseas Chuid 8 i mí Iúil agus ba é an 8 Deireadh Fómhair 2021 an dáta deiridh ar ar glacadh le haighneachtaí. Cheadaigh an Chomhairle próiseas pleanála Chuid 8 le haghaidh an tionscadail seo i mí na Nollag 2021.




*Blas-seisiún Rásaíochta Báid Dragain de chuid Cheatharlach Sláintiúil ar an mBearú*




*An Balla 'Ealaíona sa Mheabhair' de chuid Cheatharlach Sláintiúil, Co. Cheatharlach.*

## Ceatharlach Sláintiúil

Riarann Rannóg Pobail Chomhairle Contae Cheatharlach leithdháileadh an chistiúcháin faoin gclár agus tacaíonn sí le Ceatharlach Sláintiúil. Tá Foghrúpa an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil comhdhéanta d'ionadaithe ó na comhlachtaí seo a leanas: an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach; Comhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach; Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach; Ionad Seirbhísí Pobail Naomh Caitríona; Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach; Seirbhísí Leabharlainne Cheatharlach; Coiste Cheatharlach um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga; agus Comhairle Contae Cheatharlach.

Tháinig Foghrúpa Cheatharlach Sláintiúil le chéile naoi n-uaire sa bhliain 2021 agus lean sé le gníomhartha Bhabhta 3 de Chiste Éire Shláintiúil a chomhordú sa bhliain 2021. Tá léargas ar dhornán de na himeachtaí sin le feiceáil thíos. Tá íomhánna le teacht.

## Comhairle na nÓg

Mar gheall ar phaindéim COVID-19, lean na daoine óga (idir 12 bhliain d'aois agus 18 mbliana d'aois) lena gcruinnithe seachtainiúla ar líne agus lean siad ar aghaidh ag obair ar a dtionscadail, agus díriú ar leith á leagan ar an meabhairshláinte, agus ag fáil oiliúna.

Tháinig an Grúpa Comhairleach le chéile ceithre huaire sa bhliain 2021 agus fuair sé cistiú dar luach **€20,000.00**, mar aon le **€5,000.00** sa bhreis le haghaidh idirchaidreamh le geallsealbhóirí a fhorbairt sa limistéar áitiúil.

## An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh

Faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh 2020, fuair Ceatharlach cistiú le haghaidh na dtionscadal seo a leanas a fógraíodh i mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2021.

| Láthair | Suim |
|---|---|
| **Páirc na Darach**<br>Siúláin lúbtha páirc foraoise, comharthaí, suíocháin, fálta agus pointí radhairc a uasghrádú. | 200,000 |
| **Cluain na nGall go Cill Damháin**<br>An chonair agus na comharthaí trí Chaisleán Huntington a uasghrádú, droichead a thógáil thar an tSláine, an chonair go Cill Damháin a shíneadh, agus Slí Laighean Theas á nascadh le Slí Chill Mhantáin.<br>Tá tairiscintí á lorg faoi láthair le haghaidh na n-oibreacha deartha. | 371,000 |

| Dámhadh cistiú do na tionscadail seo a leanas i mí Dheireadh Fómhair agus mí Mheán Fómhair faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh 2021 | |
|---|---|
| Club Cadhcála na Tulaí | €20,000 |
| Céimeanna Dhroichead an Chairdinéil Uí Mhóráin, Leithghlinn an Droichid | €20,000 |
| Trí Shiúlán Lúbtha ag Carrchlós Dhroichead Scratoe, Cill Bhreatnais | €20,000 |
| Siúlán Lúbtha Shráidbhaile na Buiríse | €20,000 |
| Feabhsú agus suíochánra ar rian Gharrán Duckett | €20,000 |
| Beart 2: Limistéar Taitneamhachta Chlais an Ghainimh | €180,000 |
| Beart 3: Nasc Shráidbhaile na Buiríse (Slí Laighean Theas agus na Bearú) | €246,600 |

## CLÁR

Faoin scéim CLÁR 2021, fuair Ceatharlach cistiú le haghaidh na dtionscadal seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Paróiste Thigh Moling | €45,000 |
| St. Patrick's NS | €44,963 |

## An Scéim Deontas Caipitil don Súgradh agus an tÁineas 2021

Dámhadh deontas caipitil do Chomhairle Contae Cheatharlach mar a leanas

| | |
|---|---|
| €13,494 le haghaidh Garrán Duckett, na Cnoic Arda, a fhorbairt. | €13,494 |
| €2,151 le haghaidh Chlós Súgartha Leithghlinn an Droichid | €2,151 |

## Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach

Bhí 454 bhallghrúpa san iomlán cláraithe le Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach ag deireadh na bliana 2021

| | |
|---|---|
| An Coláiste Comhshaoil | 14 |
| An Coláiste Cuimsithe Shóisialta | 48 |
| An Coláiste Pobail agus Deonach | 392 |

# An tSeirbhís Ealaíon

**234**

An líon ealaíontóirí agus grúpaí i gCeatharlach ar tugadh tacaíocht dóibh trí dheontais agus sparánachtaí ealaíon

**3,459**

An líon leanaí agus daoine óga a ghlac páirt i dtrí chlár ealaíon a bhí faoi stiúir ag an óige

**4,772**

An líon daoine den lucht féachana idir 18 mbliana d'aois agus 65 bliana d'aois a ghabh do na healaíona trí 35 imeacht in aisce ar bhainistigh an tSeirbhís Ealaíon iad

**918**

An líon daoine os cionn 65 bliana d'aois ó Cheatharlach a bhain tairbhe as sé thionscnamh a chabhraigh le leithlisiú sóisialta a chomhrac

**€633,500**

An cistiú breise a fuarthas trí shé aighneacht tionscadail i scéimeanna iomaíocha cistiúcháin

**1**

An líon ealaíontóirí ar dámhadh Coimisiún Ealaíne Poiblí dóibh

Chuir Féile Ealaíon Cheatharlach 246 imeacht ar siúl, d'fhostaigh sí 223 ealaíontóir agus rinne sí siamsa do 21,808 nduine san iomlán (ar líne agus i bpearsa)

Thug Ceolchoirmeacha Cúraim Covid-19 cuairt ar gach teach cúraim sa chontae chun ceolchoirmeacha lasmuigh a sholáthar do chónaitheoirí faoin

**gClár Athléimneachta don Phobal Cruthaitheach**

**794**

An líon postálacha a foilsíodh os comhair 3,617 leantóir san iomlán ar fud trí ardán meán sóisialta

**€450,000**

An cistiú a fuarthas le haghaidh thionscadail 'Áiteanna Cruthaitheacha Mhuine Bheag' a mhairfeadh trí bliana ar fad

Rinne **Carlow Live and Local,** a bhfuarthas cistiú €281,000 ina leith faoin Scéim LLPS, deis fostaíochta a chruthú do 273 dhuine aonair

**3,000**

Taibhiú oideachais ceoil a soláthraíodh do dhaltaí faoi Ghiniúint Ceoil

**€277,065**

An cistiú a fuarthas faoin gClár 'Éire Ildánach'

**Bliain dhúshlánach do na healaíona ar fud an chontae agus ar fud na tíre ba ea an bhliain 2021, mar gheall ar phaindéim COVID-19. Bhí ealaíontóirí agus ceoltóirí as obair, bhí ionaid dúnta agus cealaíodh imeachtaí. D'fhreagair Comhairle Contae Cheatharlach don dúshlán sin trí na tacaí agus na deiseanna don earnáil a mhéadú. D'oibrigh an tSeirbhís Ealaíon i ndlúthchomhar le pobail ar fud na tíre chun cruthaitheacht agus cleachtais ealaíne a chothú le linn na tréimhse doilí sin.**




*Seoladh Eagrán na Nollag de Carlow Live and Local*

Bhí éifeacht chatalaíoch ar ár gclársceidealú sa bhliain 2021 ag folláine na ndaoine scothaosta dár bpobal agus ag an uaigneas méadaithe a bhíothas ag mothú de dheasca leithlisiú sóisialta. Tugadh tús áite do thionscnaimh amhail 'Mobile Music Machine' agus 'Borris Lace by Post', áit a raibh cruthaitheacht i measc daoine scothaosta chun tosaigh.

## Trí Sheirbhís Ealaíon Cheatharlach, rinneadh na cláir seo a leanas a threorú, a chur ar aghaidh agus a chothú sa bhliain 2021:

- Bhí bliain an-rathúil ag **Clár Scríbhneora Chónaithe Cheatharlach**, a mbainistíonn an tSeirbhís Ealaíon é i gcomhpháirt le Coláiste Cheatharlach, le Seirbhísí Leabharlainne Cheatharlach agus leis an gComhairle Ealaíon.
- Cuireadh **Oíche Chultúir Cheatharlach** ar siúl i mí Mheán Fómhair, ar lena linn a bhainistigh Seirbhís Ealaíon Cheatharlach clár inar iarradh ar rannpháirtithe 'Teacht le Chéile an Athuair'. Le linn an chláir, taispeánadh 12 imeacht i gcúig ionad sa chontae, ar cuireadh trí cinn ar siúl ar líne. Fostaíodh naonúr ealaíontóirí áitiúla agus ceithre ghrúpa taibhiúcháin. Bhí breis agus 420 duine i láthair acu.
- Bhí **Féile Ealaíon Cheatharlach** ar an gcéad fhéile a d'óstáil imeachtaí beo sa bhliain 2021. Soláthraíodh 81 taibhiú bheo do lucht féachana beo thar na deich lá, anuas ar an líon ard cuairteoirí a d'eispéirigh an taispeántas 'Woman in the Machine' in VISUAL sa samhradh, ar na daoine a bhain taitneamh as an múrphictiúr ag Maser os comhair Theach Cúirte Cheatharlach agus ar gach duine den lucht féachana ar líne a bhain taitneamh as na himeachtaí fíorúla agus as an tsraith fhairsing scannán #OnDemand.
- Rinne **Amharclann Óige Chontae Cheatharlach**, a mbainistíonn Seirbhís Ealaíon Cheatharlach í, ceardlanna seachtainiúla Zoom Theatre a sholáthar do 15 dhuine óga idir 11 bhliain d'aois agus 13 bliana d'aois agus do 24 dhuine óga idir 14 bliana d'aois agus 18 mbliana d'aois.

- D'oibrigh '**Take A Part Carlow**' i gcomhar le hionadaithe pobail, le healaíontóirí agus le comhpháirtithe is geallsealbhóirí chun tionscadail ealaíne ar ardchaighdeán atá gafa ón taobh sóisialta de a sholáthar ar Bhóthar na Tulaí. Áirítear leo sin: Cór Pobail Bhóthar na Tulaí, ceardlanna filíochta an fhocail labhartha 'Turn It Up', Love to Draw, an Tionscadal um Ealaín Sráide sa Pháirc Scátála, agus Tionscadal "Take Over" a reáchtáil Ógtheagmháil. Rinne an Grúpa Gníomhaíochta Ealaíon ionadaíocht do Chontae Cheatharlach i nGradaim Ómós Áite IPB/Chomhar Éireann 2021 agus cuireadh ar an ngearrliosta é le haghaidh dhá ghradam.
- D'oibrigh **Seirbhís Ealaíon Cheatharlach** i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon agus le comhaltaí coiste Rialtais Áitiúil sna céimeanna pleanála den tríú Comhdháil 'Places Matter', a óstálfar in VISUAL, Ceatharlach, i mí an Mhárta 2022.
- Rinne **Platform 31**, ar treoirthionscadal é le haghaidh scéim náisiúnta forbartha ealaíontóirí a reáchtálann Cumann Oifigigh Ealaíon na nÚdarás Áitiúil agus an Chomhairle Ealaíon i gcomhar lena chéile, forbairt gairme a chur ar aghaidh agus a chumasú le haghaidh 31 ealaíontóir i lár a ngairme sna foirmeacha ealaíne uile ar fud na tíre. Ba é Cian Kinsella ealaíontóir rathúil Cheatharlach. Fuair sé sparánacht €8,000 chun infheistiú ina chleachtas agus bhain sé fíorthairbhe as páirt a ghlacadh i gcreat forbarthach agus líonraithe.



*Oíche Chultúir Cheatharlach*



*Seoladh an taispeántais 'Borris Lace by Post'*

# Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach

**4,246**
An líon daoine a ghlac páirt i 62 cheann de chláir agus tionscnaimh Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach

**104**
An líon ban a ghlac páirt i gcláir spriocdhírithe 'Mná sa Spórt'

**34**
An líon clubanna ar tacaíodh leo agus a ndearnadh idirchaidreamh leo

**70**
An líon aosach scothaosta a chuir tionscnamh traenála friotaíochta 12 sheachtain i gcrích

**1,002**
An líon daoine faoi mhíchumas a ghlac páirt in 18 gclár spriocdhírithe gníomhaíochta fisiciúla

**€139,580.00**
An cistiú deontais a dáileadh ar 97 gcinn de chlubanna agus de ghrúpaí pobail

**411**
An líon daoine ó 284 chlub a chuir 29 gcúrsa oiliúna i gcrích

**39,988**
An líon radharc digiteach a sroicheadh ar 51 ríomhfheasachán sheachtainiúla, a dáileadh ar an Aoine

**9,418**
An líon amharc a sroicheadh ar www.carlowsports.ie

**766**
An líon postálacha a foilsíodh os comhair 8,189 nduine san iomlán ar fud trí ardán meán sóisialta

**5**
An líon leabhrán a foilsíodh agus a priontáladh, mar aon le 10 bpreaseisiúint

**12**
An líon feachtas náisiúnta a ndearna Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach iad a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh

Sa bhliain 2021, thug Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach faoi raon leathan gníomhartha chun leibhéil rannpháirtíochta i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú i bpobail áitiúla.










*Rothaíocht a Fhoghlaim agus caithimh aimsire lasmuigh de chuid na Comhpháirtíochta Spóirt.*



# Sábháilteacht Uisce

**11**
An líon tarrthálacha a cuireadh i gcrích

**21**
An líon uaireanta a tugadh garchabhair

**192**
An líon daoine den phobal a fuair comhairle

Cosnaíodh breis agus
**9,500**
snámhóir

**Sholáthair Comhairle Contae Cheatharlach cistiú sa bhliain chun a chinntiú go soláthrófaí an Clár Sábháilteachta Uisce, lena n-áirítear dhá fhoireann de ghardaí tarrthála a fhostú. Soláthraíodh seirbhís gardála tarrthála ag dhá láthair i Muine Bheag agus ag dhá láthair i gClais an Ghainimh.**

Soláthraíodh seirbhísí gardála tarrthála thar 11 sheachtain sa samhradh, ón 19 Meitheamh go dtí an 29 Lúnasa 2021. Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, bhí an séasúr snámha ar cheann de na séasúir ba ghnóthaí riamh toisc nach raibh cead ag an bpobal chun taisteal agus go raibh an aimsir ar fheabhas, rud a mheall daoine chun na n-aibhneacha.

## Oiliúint

Tháinig gnáthchlár samhraidh Shábháilteacht Uisce Cheatharlach ar ais sa bhliain 2021, ar lena linn a soláthraíodh dhá sheachtain de cheachtanna sábháilteachta uisce i Linn Snámha Mhuine Bheag.

Tá tús curtha ag Comhairle Contae Cheatharlach leis an bpróiseas um iarraidh ar Shábháilteacht Uisce Éireann measúnú riosca a dhéanamh ar raon iomlán na Bearú a leanann trí Cheatharlach, ar an tSláine agus ar an mBoirinn.



*An Lá Náisiúnta um Bá a Chosc 2021*

# An Músaem

**1,500**
An líon cuairteoirí, de dheasca shrianta Covid-19

**5**
An líon Cruinnithe de chuid Bhord an Mhúsaeim, cruinniú ginearálta bliantúil amháin san áireamh

**2**
An líon Tuairiscí Ainmniúcháin Seandálaíochta a cuireadh faoi bhráid Ard-Mhúsaem na hÉireann

**Fuarthas Creidiúnú Eatramhach faoi Chlár Caighdeán Músaeim na hÉireann i mí Feabhra 2021**

**3**
An líon ball foirne lánaimseartha atá lonnaithe sa mhúsaem, in éineacht le ball foirne comhroinnte amháin sa tSeirbhís Leabharlainne Contae

## Bord an Mhúsaeim

I mí Eanáir 2021, ceapadh an Comh. Ken Murnane mar Chathaoirleach ar Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach don bhliain 2021. Tháinig sé i gcomharbas ar an Uas. Pádraig Dooley.

## Covid-19 *

De réir shrianta agus threoirlínte Covid-19 ón Rialtas, athosclaíodh an Músaem agus an Oifig Turasóireachta don phobal Dé hAoine an 21 Bealtaine, agus prótacail amhail réamháirithint, rianú teagmhála agus scaradh sóisialta i bhfeidhm. Deonaíodh Cairt Sábháilteachta Covid-19 Fháilte Éireann don Mhúsaem agus don Oifig Turasóireachta, rud lena ndearbhaítear do chuairteoirí go gcomhlíontar prótacail Covid-19 san áitreabh. Mar thoradh ar na srianta, ní bhfuair an Músaem ach 1,500 cuairteoir le linn na bliana. Ba é sin an líon is ísle riamh.

## Gradam ó Chlár Caighdeán Músaeim na hÉireann

Tugadh Creidiúnú Eatramhach do Mhúsaem Contae Cheatharlach faoi Chlár Caighdeán Músaeim na hÉireann, rud ar chomhordaigh an Chomhairle Oidhreachta é i searmanas fíorúil bronnta gradam an 3 Feabhra. Is é an Músaem Contae an chéad mhúsaem riamh sa tír a ghlac páirt sa chlár agus a fuair creidiúnú faoin gclár araon.

## Fionnachtana Seandálaíochta

Tá Músaem Contae Cheatharlach ainmnithe ag Ard-Mhúsaem na hÉireann chun fionnachtana seandálaíochta a bhailiú agus a thaispeáint. Fuair an Músaem Soitheach Cré-Umhaoise Chill Fhíonáin agus carraigchriostal bídeach gaolmhar ar iasacht ó Ard-Mhúsaem na hÉireann sa bhliain 2021. Aimsíodh an soitheach Cré-Umhaoise agus an carraigchriostal sin i mbaile fearainn Chill Fhíonáin, in aice le Muine Bheag, Contae Cheatharlach, i mí Iúil 1982.

## 'The History Fix', KCLR 96FM

Trí chlár Éire Ildánach, Ceatharlach, d'oibrigh an Músaem i gcomhar leis an seó 'The History Fix' ar KCLR 96FM chun roinnt de stair Cheatharlach a thabhairt chun tosaigh. Áiríodh iad seo a leanas leis na topaicí a cumhdaíodh le linn na seónna: an nasc idir Ceatharlach agus an dóigh a ríomhtar an dáta don Cháisc; an saol agus na heachtraí a bhí ag Art Óg Mac Murchadha Caomhánach, Teach na Buiríse; agus Comóradh 100 Bliain Luíochán Bhaile Uí Mhurchú agus Bhás Thomas Traynor,

fear de bhunadh na Tulaí a cuireadh chun báis i bPríosún Mhuinseo mar gheall ar an ról a bhí aige i gCogadh Saoirse na hÉireann. Is féidir éisteacht siar le gach ceann de na seónna ar shuíomh Gréasáin KCLR 96FM.

## An Chomhdháil Éireannach do Staraithe:

Tionóladh an 33ú Comhdháil Éireannach do Staraithe ar líne Déardaoin an 20 Bealtaine agus Dé hAoine an 21 Bealtaine 2021. Chun tús a chur leis an gcomhdháil, chuir Músaem Contae Cheatharlach painéal i láthair Déardaoin an 20 Bealtaine maidir le 'San Willibrord, Naomhphátrún Lucsamburg agus Chéad Aspal na hÍsiltíre, agus an Nasc a bhí aige le Contae Cheatharlach a Aimsiú, ar lena linn a fuarthas trí chur i láthair ó na daoine seo a leanas: an tOllamh Emeritus Dáibhí Ó Cróinín, Roinn na Staire, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Michel Summer, iarrthóir PhD, Coláiste na Tríonóide; agus Dermot Mulligan, Coimeádaí Músaeim, Músaem Contae Cheatharlach.

## Éadach boird, a rinneadh sa bhliain 1899, ón Eaglais Mheitidisteach

Faoin Scéim Taispeántas Músaem Réigiúnach don bhliain 2021 de chuid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, fuair an Músaem deontas le haghaidh éadach boird galánta a rinneadh sa bhliain 1899 agus a fuarthas ó Eaglais Mheitidisteach Cheatharlach a chaomhnú agus a shuí.

Is é atá ar an éadach boird sin ná sínithe lámhfhuaite an 183 dhuine a d'fhreastail ar mhargadh 'Díolacháin Earraí agus Saothair' chun airgead a chruinniú don fhoirgneamh eaglaise i Halla an Bhaile, Baile Cheatharlach, Dé Sathairn an 13 Bealtaine 1899.

## Lá Idirnáisiúnta na Músaem 2021

Tionóladh Lá Idirnáisiúnta na Músaem 2021 Dé Máirt an 18 Bealtaine.  D'oibrigh Líonra Músaem na nÚdarás Áitiúil i gcomhpháirt leis an gComhairle Idirnáisiúnta Músaem, Éire, agus le Cumann Músaem na hÉireann chun an lá a cheiliúradh ar líne. Rinneadh é sin trí thaispeántas ar líne dar teideal 'Déantáin ón Ré Reibiliúnach in Éirinn – Scéalta ó gach cuid den Tír'.




## Masc Báis Chaoimhín de Barra

Thug Ian Dowling, Baile Átha Cliath, Masc Báis Chaoimhín de Barra ar iasacht don Mhúsaem ar feadh aon bhliana Dé Luain an 24 Meitheamh. Teilgeadh an masc tamaillín tar éis a bháis. Ní eol cé a theilg é. Bhí an masc báis agus an bróiste i seilbh Kathleen Napoli McKenna a bhí, i measc nithe eile, ina rúnaí príobháideach d'Art Ó Gríofa nuair a thaistil toscaireacht na hÉireann go Londain le linn na hidirbheartaíochta ar an gConradh Angla-Éireannach sa bhliain 1921.

Tá Ian ina chol ceathrair le Caoimhín. Thug sé an masc chuig an Músaem roimhe seo i mí Dheireadh Fómhair 2021 le haghaidh chomóradh 100 bliain bhás Chaoimhín an 1 Samhain 1920. Bhí Ian, an masc báis agus an méid atá fágtha den toitín deireanach a bhí ag Caoimhín, mar atá ar taispeáint sa Mhúsaem, le feiceáil ar an Late Late Show ar RTÉ Dé hAoine an 19 Feabhra.





*An Comh. Ken Murnane, Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach agus Cathaoirleach Bhord an Mhúsaeim, ag cur fáilte roimh Ian Dowling chuig an Músaem.*

## Suíomh Gréasáin an Mhúsaeim

Rinne an Comh. Ken Murnane, Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach agus Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach, suíomh Gréasáin nua a sheoladh don Mhúsaem. Seoladh an suíomh nua i gcomhthráth le comóradh 48 mbliana bhunú an Mhúsaeim i mí na Nollag 1973. Is féidir cuairt a thabhairt ar an suíomh Gréasáin nua ag www.carlowmuseum.com

## Samhail de Robert Hartpole ón 16ú hAois

Faoin gCiste Séadchomharthaí Pobail don bhliain 2021 de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tharla sé, tríd an Músaem, a tugadh deontas do Chomhairle Contae Cheatharlach chun an tsamhail a rinneadh de Robert Hartpole ag deireadh an 16ú haois (LA005-032) a chaomhnú agus chun í a athlonnú ó Pháirc an Phobail, Cúil an tSúdaire, chuig Músaem Contae Cheatharlach i mBaile Cheatharlach, ar Músaem Ainmnithe é, lena cur ar thaispeáint bhuan. D'oibrigh an Músaem i gcomhar le hOifig Oidhreachta Laoise, leis an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta, le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus le Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach thar roinnt blianta chun an tionscadal tábhachtach seo a chur i gcrích.



*An tSamhail de Robert Hartpole atá suiteáilte i Músaem Contae Cheatharlach, Deireadh Fómhair 2021.*

# Leabharlann Contae Cheatharlach

## Ballraíocht agus Cúrsaíocht


Bhí 3,613 bhall ghníomhacha ag Leabharlann Contae Cheatharlach sa bhliain 2021 agus d'eisigh sí 35,870 ceann de leabhair agus de mhíreanna eile le linn na bliana

## Úsáid na hAipe:


Bhain baill úsáid as Aip na Leabharlainne 2,176 huaire sa bhliain 2021

## Úsáid an tsuímh Gréasáin:

Tugadh cuairt ar shuíomh Gréasáin na Leabharlainne 38,475 huaire sa bhliain 2021




## Staitisticí Cúrsaíochta de réir Brainse sa bhliain 2021




## Seirbhísí ar Líne

Úsáid sheirbhísí ar líne na leabharlainne le linn na bliana 2021 i gcomparáid leis an mbliain 2020

## 'The Talking Newspaper'

Athraíodh 'The Talking Newspaper' chun dáta ar bhonn seachtainiúil tar éis gach eagrán den Carlow Nationalist a fhoilsiú. Íoslódáladh Podchraoladh 'The Talking Newspaper' 3,021 uair sa bhliain 2021

## Twitter

Amharcadh ar an gcuntas @ carlowlibraries 700,000 uair le linn na bliana 2021 agus bhí 3,088 leantóir aige ag deireadh na bliana

## Facebook

Bhí 3,541 'is maith liom' ag leathanach Facebook na Leabharlainne ag deireadh na bliana, rud a bhí cothrom le méadú 7.6%

# Léitheoireacht agus Litearthacht:

## Contae Cheatharlach a Thacaíonn leis an Litearthacht

**Leanadh leis an obair ar an tionscadal taighde seo le linn na bliana 2021, le tacaíocht ó bhaill den Líonra um an gCeart chun Léamh. Cuireadh an tuarascáil taighde i gcrích agus tosaíodh ag obair ar na hábhair ghaolmhara a tháirgeadh. Is iad na haidhmeanna foriomlána atá leis an tionscadal ná sainaithint a dhéanamh ar na príomh-shaincheisteanna litearthachta i gCeatharlach, lena n-áirítear na bacainní atá ann agus na tacaí atá ar fáil. Tá sé sin ar an gcéad chéim i dtreo feasacht a mhúscailt ar na riachtanais litearthachta nach bhfuiltear ag freastal orthu i gCeatharlach d'fhonn an tionscnamh um Chontae Cheatharlach a Thacaíonn leis an Litearthacht a fhorbairt tuilleadh. Bhíothas in ann an tionscadal seo a chur i gcrích a bhuí le cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin agus ó Chomhairle Contae Cheatharlach.**

### Éire ag Léamh

Ar mhaithe leis an gcéad tionscnamh 'Éire ag Léamh' riamh, chruthaigh baill foirne leabharlainne ábhair chur chun cinn chun daoine a spreagadh an Bosca Iasachta a úsáid chun míreanna a fháil ar iasacht nuair a bhí na leabharlanna dúnta. Gealladh breis agus 900,000 nóiméad léitheoireachta ar an Lá 'Éire ag Léamh' an 25 Feabhra.

### Málaí na Leabharlainne Bige

Ghlac beagnach 50 Ionad Luathfhoghlama ar fud an chontae páirt i dtionscnamh mhálaí leabhar na Leabharlainne Bige, rud a cuireadh ar siúl i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna i gcomhar le Coiste Cúram Leanaí Chontae Cheatharlach.

### Léim isteach i Scéalta

Rinneadh físeáin am scéala ar líne a chruthaigh baill foirne leabharlainne a phostáil ar leathanach Facebook Leabharlann Contae Cheatharlach i mí Aibreáin. Amharcadh orthu 1,494 huaire san iomlán go dtí seo. Le linn seisiún Ríme agus Comharthaíochta, teagascadh do thuismitheoirí conas cumarsáid a dhéanamh lena leanbáin sular féidir leo labhairt.

### An Dúshlán Ninja Leabharlainne do Scoileanna

Ghlac beagnach 600 dalta ó thrí bhunscoil páirt sa Dúshlán Ninja i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 2021, agus acmhainní á soláthar do gach scoil.






*Buaiteoirí an Dúshláin Ninja Leabharlainne*

## Réaltaí Samhraidh

Ghlac breis agus 400 leanbh páirt sa dúshlán seo, agus luachanna saothair agus dreasachtaí á dtuilleamh acu de réir mar a chuaigh an samhradh thart. Reáchtáladh crannchur duaiseanna gach seachtain, agus mórchrannchur á eagrú ag deireadh an tionscnaimh chun dhá cheann de ghléasanna Amazon Kindle Fire a bhuachan.


## An Fhéile Leabhar do Leanaí

Ghlac an tseirbhís leabharlainne cur chuige hibrideach i leith imeachtaí don Fhéile Leabhar do Leanaí. Thug Dave Rudden, údar, cuairt ar Scoil Mhuire gan Smál, Ceatharlach, chun dhá cheardlann scríbhneoireachta a sholáthar i bpearsa. Ina theannta sin, thug Jackie Burke cuairt ar scoileanna i gCeatharlach, i Ráth Bhile, i Muine Bheag agus ar an mBaile Nua thar Zoom.

## Am Teaghlaigh ag an Leabharlann

Rinneadh amanna scéalta Nollag i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a chraoladh ar líne le linn mhí na Nollag. Ina theannta sin, rinneadh sraith gearrfhíseán inar tarraingíodh aird ar na leabhair Nollag atá ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh a phostáil ar leathanach Facebook na Leabharlainne sa tréimhse roimh Lá Nollag.

## An Pobal agus an Cultúr:




**Deich mBliana na gCuimhneachán:**

Leanadh leis an obair ar Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán sa bhliain 2021 agus díríodh ar roinnt réimsí ábhartha lena linn. Rinne Coiste Chomhairle Contae Cheatharlach um Dheich mBliana na gCuimhneachán, a bhí faoi chathaoirleacht ag an gComh. Charlie Murphy agus a bhí á riar ag an tSeirbhís Leabharlainne Contae, an clár a sholáthar ar líne mar gheall ar an staid sláinte poiblí a bhí fós i réim le linn na bliana. Ba iad seo a leanas na príomhghnéithe den chlár:

- Sraith Podchraoltaí agus Físeán
- Cogadh na gCarad agus an Béaloideas - Sraith clár faisnéise raidió dhá chuid.
- Cogadh na gCarad: Agus leas á bhaint as an meán scríofa dá rogha, scríobh naonúr Scríbhneoirí Cónaithe roimhe seo do Chomhairle Contae Cheatharlach faoi théama Chogadh na gCarad in Éirinn.
- An Conradh Angla-Éireannach – Eisíodh forlíonadh 16 leathanach sa Carlow Nationalist chun síniú an Chonartha Angla-Éireannaigh céad bliain ó shin a chomóradh.

### An tSeirbhís Cartlainne Staidéir Áitiúil agus Ginealais:

Coimeádaí cuimhne is ea an leabharlann phoiblí agus tá sí freagrach as taifid chultúir áitiúil agus staire áitiúla a chruthú, a stóráil agus a chur ar fáil. Fuair ár Rannóg Staidéir Áitiúil/Ginealais beagnach 800 fiosrú tríd an ríomhphost, thar an teileafón agus trí chuairteanna i bpearsa le linn na bliana 2021.

**Cláreagrú:**

- Mar chuid den Fheachtas 'Coinnigh Folláin', seoladh an Feachtas 'Fás ar Aghaidh É' an 23 Márta mar thionscadal comhpháirtíochta idir an clár Éire Shláintiúil, Leabharlanna Éireann agus Fás Féin É. Dáileadh 50,000 fearas fás bia saor in aisce do na rannpháirtithe. Iarradh orthu na fearais a úsáid chun an t-eispéireas a chomhroinnt le deichniúr eile, rud a chumasaigh leathmhilliún duine ar fud na hÉireann taitneamh a bhaint as an raon leathan tairbhí a ghabhann le bia a fhás sa bhaile.
- Chun Bealtaine a chomóradh, rinne Bernie Walsh, ginealeolaí, Ceardlann Ginealais dar teideal 'Tús Eolais ar do Stair Theaghlaigh a Rianú' a sholáthar thar Zoom.
- Foilsíodh san Irish Times Dé Luain an 17 Bealtaine alt maidir le Leabharlanna Poiblí a Athoscailt, rud inar labhair John Shortall, Leabharlannaí Contae, faoi athoscailt Sheirbhís Leabharlainne Cheatharlach.
- Sholáthair Joe Morris seimineár Gréasáin saor in aisce maidir le LinkedIn i mí an Mheithimh. Bhí an seimineár Gréasáin sin dírithe ar chuardaitheoirí poist, ar athróirí gairme agus ar chéimithe nua. Seoladh é mar chuid den Chlár Imeachtaí 'Work Matters At Your Library'.

# Foghlaim agus Faisnéis

## Éire Shláintiúil

Cuireadh imeachtaí 'Éire Shláintiúil ag do Leabharlann' ar siúl ar líne mar a leanas sa bhliain 2021:

- Cuireadh Ranganna Teanga Comharthaíochta Leanbán, a bhí dírithe ar thuismitheoirí agus leanbán, ar siúl thar Zoom go luath sa bhliain 2021. Stiúir Claire Glynn ó Clever Little Handies na ranganna, a bhí ar siúl ar feadh tréimhse ceithre seachtaine.
- Rinne an Dr Eddie Murphy, Síceolaí Cliniciúil, Ceardlann ar Líne dar teideal "Folláine in Amanna Aisteacha" a sholáthar thar Zoom i mí Feabhra.
- Cuireadh ceardlann dar teideal 'Putóg Shláintiúil, Duine Sláintiúil' ar siúl i mí na Bealtaine, rud a stiúir Gillian McConnell, Bia-eolaí Cáilithe ó Inside Out Nutrition.
- Rinne an Dr Mary O'Kane, Léachtóir le Síceolaíocht agus Oideachas, seimineár Gréasáin dar teideal "Is Tuismitheoireacht Fhoirfe í Tuismitheoireacht Neamhfhoirfe" a sholáthar saor in aisce thar Zoom i mí Iúil.
- Tháinig Gillian McConnell (Inside Out Nutrition), Bia-eolaí Cláraithe, a dhéanann speisialtóireacht i neamhoird dhíleácha, ar ais i mí Dheireadh Fómhair chun ceardlann eile dar teideal "Do Ghiúmar a Fheabhsú le Bia" a sholáthar.

# Cistiú Deontais

## Ciste na gCuntas Díomhaoin:

Ceadaíodh cistiú €13,157 sa bhliain 2021 chun raon tacaí éagsúla a sholáthar, lenar áiríodh cistiú cláreagrúcháin agus caipitil le haghaidh Cothromas Digiteach agus Cuimsiú Sóisialta. Áiríodh iad seo a leanas leis na tacaí a soláthraíodh:

- Tábla idirghníomhach scáileán tadhaill do Leabharlann Lárnach Cheatharlach
- Scanóir is léitheoir C-Pen do gach brainse leabharlainne
- Ranganna agus sraith amanna scéalta scannánaithe i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann
- 'Dream Big' – clár STEM a reáchtáil Niamh Shaw agus Scoil Náisiúnta Cailíní na hEasca i gcomhar lena chéile

## Smaointeoireacht Deartha:

Soláthraíodh cistiú €1,500 chun ábhair a cheannach chun tacú lenár dtionscadal um Smaointeoireacht Deartha. Cuireadh sé cinn de tháibléid Samsung Galaxy ar fáil lena n-úsáid i gclár leabharlainne um litearthacht dhigiteach d'aosaigh scothaosta.

# Suirbhé ar Chustaiméirí 2021

**Roinnt de na príomhfhionnachtana ón suirbhé a rinneamar ar shásamh custaiméirí le déanaí**


## Tábhacht Fhoriomlán

Dúirt 81% de na freagraithe go raibh an tseirbhís leabharlainne tábhachtach nó an-tábhachtach dóibh féin agus dá dteaghlach.


**81%**

## Úsáid Seirbhísí

**An phríomhchúis leis an leabharlann a úsáid**




**Úsáid Seirbhísí ar Líne**




## Úsáid Seirbhísí


Fuair Baill Foirne Leabharlainne meánráta ceadaithe 95%

## Úsáid Seirbhísí


Rátáladh ábhair a fháil ar iasacht a bheith ar an ngné is tábhachtaí den tseirbhís

## Rátáil Seirbhísí

**Na seirbhísí is airde rátáil**




**Na seirbhísí is ísle rátáil**




**Rátáil 65% de na freagraithe an tseirbhís fhoriomlán a bheith sármhaith**



# Seirbhísí Oidhreachta

**Sa bhliain 2021, d'fhostaigh Comhairle Contae Cheatharlach Oifigeach Oidhreachta. Seo a leanas liosta den chistiú a áirithíodh do sheirbhísí oidhreachta laistigh dár gContae.**

- Faoi **Thionscnamh na mBailte Stairiúla**, áirithíodh cistiú le haghaidh Plean Athghiniúna atá faoi Stiúir ag an Oidhreacht a ullmhú do Bhaile Cheatharlach. Beidh ullmhú an phlean ar an gcéad chéim d'iarratais a dhéanfar amach anseo chun cur chun feidhme an phlean a chistiú.

- Áirithíodh cistiú ón gComhairle Oidhreachta faoi Chiste na nOifigeach Oidhreachta chun ceithre thionscadal oidhreachta a sheoladh i gContae Cheatharlach. Is iad seo na tionscadail atá i gceist: Staidéar agus anailís ar struchtúir dhúchasacha ar an gCarraig Dhubh; Seirbhísí éascaithe chun cabhrú le comhairliúchán poiblí a dhéanamh ar an bPlean Oidhreachta; Físphíosa a léiriú chun scéal Rás Gordon Bennett a insint (comhthionscadal idir Oifigigh Oidhreachta Chill Dara, Laoise agus Cheatharlach); agus Treoirstaidéar chun a shainaithint conas is féidir a chinntiú go gcuirfear guth gach linbh ar áireamh i suirbhéanna oidhreachta.

- Fuarthas ceadú ón Roinn le haghaidh seacht n-iarratas do Chontae Cheatharlach a chistiú de bhun an ghlao oscailte ar chistiú faoin **Scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha**.

- Rinneadh trí iarratas do Chontae Cheatharlach a mheas agus a chur ar aghaidh faoi **Chiste na nDéanmhas Stairiúil**, i dteannta an iarratais ón Údarás Áitiúil ar oibreacha beartaithe caomhantais ag Teach Cúirte na Tulaí, an Tulach.

- Cuireadh dhá iarratas ar dheontas isteach faoi **Chiste na Séadchomharthaí Pobail**. Fuarthas ceann amháin de na hiarratais ó Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach. Bhain an ceann eile, ar ullmhaigh an tOifigeach Oidhreachta thar ceann Chomhairle Contae Cheatharlach é, le cistiú do Phlean Bainistíochta Caomhantais le haghaidh Eaglais agus Reilig Mhichíl, Tigh na hInse, Ceatharlach.

- Cuireadh iarratas ar chistiú do thrí thionscadal bithéagsúlachta isteach thar ceann Chomhairle Contae Cheatharlach faoin **gCiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla**.

- Tacaíodh le hocht n-iarratas ar chistiú do Chontae Cheatharlach faoi **Scéim Deontas Pobail** agus **Scéim Maoirseachta Oidhreachta** na Comhairle Oidhreachta.

- Chuathas i dteagmháil le roinnt grúpaí pobail áitiúil agus le geallsealbhóirí oidhreachta.



*Teach na Buiríse, Co. Cheatharlach.*

# Mótarcháin

**Soláthraíonn Rannóg Mótarchánach Chomhairle Contae Cheatharlach ardchaighdeán seirbhíse. Cuireadh teorainn le huaireanta oscailte san oifig phoiblí Mótarchánach de dheasca phaindéim Covid-19 le linn na bliana 2021. Ní raibh aon chur isteach ann ar an tseirbhís poist ná ar an tseirbhís ar líne, áfach.**

Bíonn an tseirbhís ar líne ar fáil 24 huaire sa lá, seacht lá sa tseachtain agus 365 lá sa bhliain ag www.motortax.ie. Is tríd an tseirbhís ar líne a dhéantar thart ar 85% de na hidirbhearta uile anois.

Próiseáladh 14,000 idirbheart dar luach iomlán €2.4 milliún san oifig phoiblí Mótarchánach sa bhliain 2021. Próiseáladh 72,000 idirbheart dar luach iomlán €10.5 milliún ar líne freisin. Rinneadh 86,000 idirbheart dar luach iomlán €12.9 milliún le linn na bliana.



# Aguisíní



# Aguisín 1

## Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)
ag an 31 Nollaig 2021

| | € | € |
|---|---|---|
| | **2021** | **2020** |
| **Sócmhainní Seasta** | 1,097,110,439 | 1,084,591,548 |
| | | |
| Obair idir Lámha agus Réamhspeansais | 5,565,043 | 6,179,669 |
| | | |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 53,270,532 | 50,401,448 |
| | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoic | - | - |
| Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí | 9,600,533 | 9,421,742 |
| Taiscí Gearrthéarmacha | 56,060,447 | 49,197,612 |
| Airgead sa Bhanc | 109,992 | 444,460 |
| Airgead ar Láimh | 97,733 | 108,722 |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | 65,868,705 | 59,172,536 |
| | | |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Rótharraingt Bhainc | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 18,756,073 | 16,470,714 |
| Léasanna Airgeadais | - | - |
| **Dliteanais Reatha Iomlána** | 18,756,073 | 16,470,714 |
| | | |
| **Glansócmhainní Reatha/(Glandliteanais Reatha)** | 47,112,632 | 42,701,822 |
| | | |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Iasachtaí is Iníoctha | 36,471,257 | 37,281,890 |
| Léasanna Airgeadais | - | - |
| Taiscí Inaisíoctha | 3,453,281 | 2,478,388 |
| Eile | 15,621,593 | 11,240,357 |
| **Creidiúnaithe Iomlána** | 55,546,131 | 51,000,635 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | 1,147,512,515 | 1,132,873,852 |
| | | |
| Maoinithe ag: | | |
| Cuntas Caipitlithe | 1,097,110,439 | 1,084,591,548 |
| Obair idir Lámha – Ioncam | 2,918,935 | 3,884,576 |
| Cúlchiste Ginearálta Ioncaim | 818,702 | 772,516 |
| Iarmhéideanna Eile | 46,664,439 | 43,625,212 |
| **Cúlchistí Iomlána** | **1,147,512,515** | **1,132,873,852** |

# Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais)
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

Tugtar an t-ioncam agus an caiteachas ar fad le chéile sa ráiteas cuntais ioncaim agus caiteachais. Léirítear ann an barrachas (nó an t-easnamh) don bhliain.

| Caiteachas de réir Rannóige | Ollchaiteachas 2021 | Ioncam 2021 | Glanchaiteachas 2021 | Glanchaiteachas 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 15,167,738 | 17,107,872 | (1,940,134) | (1,589,794) |
| Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | 12,900,294 | 8,226,180 | 4,674,114 | 4,348,087 |
| Uisce agus Séarachas | 4,448,437 | 4,210,615 | 237,822 | 97,272 |
| Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha | 6,716,050 | 3,126,895 | 3,589,155 | 3,089,957 |
| Cosaint an Chomhshaoil | 7,115,652 | 1,612,711 | 5,502,941 | 5,258,232 |
| Áineas agus Taitneamhacht | 3,975,381 | 401,510 | 3,573,871 | 3,476,831 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 329,681 | 72,699 | 256,982 | 229,632 |
| Ilghnéitheach | 9,253,589 | 7,600,078 | 1,653,511 | 782,219 |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** | **59,906,822** | **42,358,560** | **17,548,262** | **15,692,436** |
| Glanchostas na Rannóg a chisteofar ó Rátaí agus ón gCáin Mhaoine Áitiúil. | | | **17,548,262** | **15,692,436** |
| **Rátaí** | | | 15,104,128 | 15,310,025 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | 6,340,624 | 6,338,220 |
| Asbhaint a Bhaineann le Pinsean | | | - | - |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe | | | 3,896,490 | 5,955,809 |
| **Aistriú ón/(chuig an) gCúlchiste** | | | (3,850,304) | (5,928,121) |
| **Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain** | | | **46,186** | **27,688** |
| **An Cúlchiste Ginearálta ag an 1 Eanáir** | | | **772,516** | **744,828** |
| **An Cúlchiste Ginearálta ag an 31 Nollaig** | | | **818,702** | **772,516** |

# Aguisín 2

## Freastal na gComhaltaí Tofa ar Chomhdhálacha/ Oiliúint sa bhliain 2021

| Dáta | Ainm na Comhdhála Oiliúna/an tSeimineáir Oiliúna | Ionad | Na Comhairleoirí a bhí i Láthair | Taisteal/ Cothú/ Speansas | Táille na Comhdhála |
|---|---|---|---|---|---|
| 16 Meán Fómhair 2021 | Modúl 1 de Chlár Oiliúna Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann – Cinneadh ón Rialtas ar Luach Saothair agus Liúntais is Iníoctha le Comhaltaí Tofa, agus an tEolas is Deireanaí ar an mBille um Pleanáil agus Forbairt, 2021, Trá Lí, Co. Chiarraí (Seimineár Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir) | Óstán The Rose, Trá Lí, Co. Chiarraí | An Comh. Arthur McDonald, an Comh. Ken Murnane, an Comh. John McDonald, an Comh. John Pender, an Comh. William Quinn. | € 1,993.00 | €325.00 |
| 24, 25 agus 26 Meán Fómhair 2021 | An Chomhdháil Cheilteach – Sláinte agus Sábháilteacht san Áit Oibre | Óstán O'Donovan's, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | An Comh. Arthur McDonald, an Comh. William Quinn | €1,007.22 | €200.00 |
| 15, 16 agus 17 Deireadh Fómhair 2021 | An Chomhdháil Cheilteach – Treoir phraiticiúil maidir le Buiséad 2022 | Óstán O'Donovan's, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | An Comh. Fergal Browne, an Comh. John Pender, an Comh. Tom O'Neill | €1,698.98 | €300.00 |
| 3, 4 agus 5 Samhain 2021 | LAMA – Seimineár Oiliúna an Fhómhair: Pleanáil agus Meabhairshláinte | Óstán Páirce agus Club Fóillíochta Shligigh, Sligeach | An Comh. Andy Gladney, an Comh. Arthur McDonald, an Comh. John McDonald, an Comh. Ken Murnane, an Comh. John Pender, an Comh. William Quinn | €2,533.53 | €900.00 |
| 6 Samhain 2021 | Samhain 2021: Modúl 2 de Chlár Oiliúna Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann – Meabhairshláinte agus Folláine na gComhaltaí Tofa agus seisiún faisnéise faoin Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc. | Óstán Clayton, Gaillimh, Bóthar Mhuine Mheá, Baile an Bhriotaigh, Gaillimh, H91 D526 | An Comh. Andy Gladney, an Comh. Arthur McDonald, an Comh. John Pender | € 862.72 | €195.00 |
| 17 Samhain 2021 | Comhdháil Bhliantúil Oiliúna Institiúid Pleanála na hÉireann | Óstán Clayton Whites, Loch Garman | An Comh. Arthur McDonald, an Comh. John Pender | €749.53 | €720.00 |
| 3, 4 agus 5 Nollaig 2021 | Meabhairshláinte agus Folláine, Óstán Four Seasons, Cairlinn | Óstán Four Seasons, Cairlinn, Co. Lú | An Comh. Andy Gladney | €477.63 | €100.00 |
| | | | | **€9,322.61** | **€2,740.00** |


## Oiliúint Oideachais ar Fhreastail Comhairleoirí uirthi

| Dáta | Oiliúint Oideachais | Saoráid Oideachais | Na Comhairleoirí a bhí i Láthair | Táille Oideachais |
|---|---|---|---|---|
| 2020/2021 | An Comh. John Cassin, Dioplóma in Éifeachtacht Bainistíochta agus Cleachtas Bainistíochta 2020/2021 | Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach | An Comh. John Cassin | €699.00 |
| 2020/2021 | Dochtúireacht i Rialachas | An Foras Riaracháin | An Comh. William Paton | €1,500.00 |
| | | | | €2,199.00 |

# Aguisín 3

## Freastal na gComhaltaí Tofa ar Chruinnithe a tionóladh sa bhliain 2021

| Ainm an Chomhairleora | Iomlán na gCruinnithe a Tionóladh | An Líon Cruinnithe | % |
|---|---|---|---|
| Fergal Browne | 34 | 34 | 100.00% |
| John Cassin | 33 | 32 | 96.97% |
| Andrea Dalton | 48 | 46 | 95.83% |
| Michael Doran | 31 | 31 | 100.00% |
| Andrew Gladney | 24 | 20 | 83.33% |
| Thomas Kinsella | 45 | 42 | 93.33% |
| Arthur McDonald | 38 | 38 | 100.00% |
| John McDonald | 34 | 33 | 97.06% |
| Ken Murnane | 33 | 33 | 100.00% |
| Charlie Murphy | 27 | 24 | 88.89% |
| John Murphy | 41 | 40 | 97.56% |
| Brian O' Donoghue | 30 | 26 | 86.67% |
| Tom O' Neill | 54 | 50 | 92.59% |
| William Paton | 30 | 29 | 96.67% |
| John Pender | 30 | 30 | 100.00% |
| Fintan Phelan | 34 | 33 | 97.06% |
| William Quinn | 49 | 46 | 93.88% |
| Adrienne Wallace | 31 | 30 | 96.77% |



*Turasóirí i mbun Siúlóireachta ar an Sliabh ag Slí Cholmáin, Co. Cheatharlach*

# Aguisín 4

## An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999

De bhun an cheanglais sin, deimhníonn Comhairle Contae Cheatharlach leis seo nach raibh aon síntiúis ná caiteachas ann sa bhliain 2021.

| Iarrthóirí | Síntiúis | Caiteachas |
|---|---|---|
| Fergal Browne | 0.00 | 0.00 |
| John Cassin | 0.00 | 0.00 |
| Andrea Dalton | 0.00 | 0.00 |
| Michael Doran | 0.00 | 0.00 |
| Andrew Gladney | 0.00 | 0.00 |
| Thomas Kinsella | 0.00 | 0.00 |
| Arthur McDonald | 0.00 | 0.00 |
| John McDonald | 0.00 | 0.00 |
| Ken Murnane | 0.00 | 0.00 |
| Charlie Murphy | 0.00 | 0.00 |
| John Murphy | 0.00 | 0.00 |
| Brian O' Donoghue | 0.00 | 0.00 |
| Tom O' Neill | 0.00 | 0.00 |
| William Paton | 0.00 | 0.00 |
| John Pender | 0.00 | 0.00 |
| Fintan Phelan | 0.00 | 0.00 |
| William Quinn | 0.00 | 0.00 |
| Adrienne Wallace | 0.00 | 0.00 |



*Teaghlach i mbun siúlóide fóillíochta i dTigh Moling, Co. Cheatharlach*

# Aguisín 5

## Íocaíochtaí le Comhairleoirí sa bhliain 2021

(Alt 142 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001)

| Ainm an Chomhair-leora | Íocaíocht Ion-adaíochta | Liúntas Speansas Bliantúil | Liúntas Ceantair Bharda-saigh | Stáise-anóireacht | Fón Póca | Táillí Oide-achais | Liúntas Coiste Beartais Straitéi-sigh | Liúntas Cathaoirligh | Liúntas Leas-Chathao-irligh | Taisteal agus Cothú Intíre | Taisteal agus Cothú Thar Lear | Iomlán na nÍocaíochtaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fergal Browne | €21,664.97 | €4,345.15 | € 509.79 | €1,523.54 | €198.84 | € - | €- | € 6,117.46 | € - | €517.05 | € - | €34,876.80 |
| John Cassin | €21,664.97 | €4,345.15 | € 509.79 | €1,499.00 | €201.25 | € 699.00 | €- | € - | € - | €- | € - | €28,919.16 |
| Andrea Dalton | €21,664.97 | €4,345.15 | € 509.79 | €- | € - | € - | €- | € - | € - | €- | € - | €26,519.91 |
| Michael Doran | €21,664.97 | € 4,345.15 | € 509.79 | €186.00 | €110.34 | € - | €- | € - | € - | €- | € - | €26,816.25 |
| Andrew Gladney | €21,664.97 | € 4,434.67 | € 509.79 | €1,568.30 | € - | € - | €2,806.44 | € - | € - | €1,154.90 | € - | € 32,139.07 |
| Thomas Kinsella | €21,664.97 | € 4,940.71 | € 509.79 | €1,260.56 | €355.15 | € - | €6,000.00 | € 4,867.92 | € - | €- | € - | € 39,599.10 |
| Arthur McDonald | €21,664.97 | € 4,261.77 | € 509.79 | €1,409.11 | €118.38 | € - | €6,000.00 | € 3,058.74 | € - | €2,075.98 | € - | € 39,098.74 |
| John McDonald | € 21,664.97 | € 4,345.15 | € 509.79 | €1,137.00 | € - | € - | €- | € - | € 1,947.16 | €352.85 | € - | € 29,956.92 |
| Ken Murnane | €21,664.97 | € 4,345.15 | € 509.79 | €1,499.02 | €142.06 | € - | €- | € 5,841.50 | € - | €854.49 | € - | € 34,856.98 |
| Charlie Murphy | €21,664.97 | € 4,846.63 | € 509.79 | €1,500.00 | € - | € - | €- | € - | € - | €- | € - | € 28,521.39 |
| John Murphy | €21,664.97 | € 4,814.59 | € 509.79 | €1,058.87 | €- | € - | €6,000.00 | € - | € 2,039.16 | €- | € - | € 36,087.38 |
| Brian O' Donoghue | €21,664.97 | € 4,761.07 | € 509.79 | €1,360.92 | €- | € - | €- | € - | € - | €- | € - | € 28,296.75 |
| Tom O' Neill | €21,664.97 | € 4,282.03 | € 509.79 | €1,410.00 | €128.71 | € - | €- | €10,195.78 | € - | €485.32 | € - | € 38,676.60 |
| William Paton | €21,664.97 | € 4,282.03 | € 509.79 | €1,197.59 | €142.06 | € 1,500.00 | €- | € - | € - | €- | € - | € 29,296.44 |
| John Pender | €21,664.97 | € 4,325.25 | € 509.79 | €1,521.25 | €201.26 | € - | €- | € - | € - | €2,489.93 | € - | € 30,712.45 |
| Fintan Phelan | €21,664.97 | € 4,345.15 | € 509.79 | €1,434.74 | €- | € - | €- | € 9,735.82 | € - | €- | € 551.99 | € 38,242.46 |
| William Quinn | €21,664.97 | € 5,828.14 | € 509.79 | €1,331.20 | €108.24 | € - | €3,193.56 | € - | € - | €1,392.14 | € - | € 34,028.04 |
| Adrienne Wallace | €21,664.97 | € 4,282.03 | € 509.79 | €1,459.58 | €142.06 | € - | €- | € - | € - | €- | € - | € 28,058.43 |

# Aguisín 6

## Nochtadh Cosanta 2021

Le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ceanglaítear tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis an líon Nochtaí Cosanta a fuarthas. De bhun an cheanglais sin, deimhníonn Comhairle Contae Cheatharlach leis seo nach bhfuarthas aon nochtaí cosanta sa bhliain 2021.



*Margadh na bhfeirmeoirí, Co. Cheatharlach*

# Aguisín 7

## Cearta an Duine

Agus an Plean á ullmhú aici, thug an Chomhairle aird ar shaincheisteanna leathana amhail Cuimsiú Sóisialta, Comhionannas, Cuspóirí um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus é a Mhaolú, Forbairt Inbhuanaithe, Seirbhís Ardchaighdeáin agus Ceannaireacht Pobail. Tugann an Chomhairle aird freisin ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, mar a leagtar amach in alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Cuirtear ceangal ar an gComhairle leis an dualgas sin freisin aird a thabhairt ar an ngá leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

**A.** Deireadh a chur le hidirdhealú

**B.** Comhionannas Deise agus cóir chomhionann dá foireann agus do na daoine a soláthraíonn sí seirbhísí dóibh a chur chun cinn, agus

**C.** Cearta Daonna a cuid comhaltaí agus ball foirne agus na ndaoine a soláthraíonn sí seirbhísí dóibh a chosaint. Tá Comhairle Contae Cheatharlach tiomanta sa Phlean seo do thacú leis an gClár um Beatha Daoine a Bhunathrú chun Feabhais maidir le daoine faoi mhíchumas chun tacú leo páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha, áineasa, fóillíochta agus spóirt agus chun comhlíonadh a dhéanamh ar a ról ina chinntiú gur cuid dhílis d’iarrachtaí tithíochta príomhshrutha í tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas.

Léirítear ról na Comhairle maidir le himircigh agus pobail nua sa Phlean Corparáideach agus i Straitéis Imeasctha Imircigh Cheatharlach 2020-2024

# Aguisín 8

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

| | |
|---|---|
| Kathleen Holohan | Príomhfheidhmeannach. |
| Pat Delaney | Ceann Airgeadais: Maoiniú, Córais Faisnéise, Ealaíona agus Cultúr. |
| Michael Brennan | Stiúrthóir Seirbhísí: Pobal, Tithíocht, Áineas agus Taitneamhacht. |
| Michael Rainey | Stiúrthóir Seirbhísí: Gnóthaí Corparáideacha/Acmhainní Daonna, Pleanáil, Sláinte agus Sábháilteacht, Forbairt Eacnamaíoch/an Oifig Fiontair Áitiúil. |
| Padraig O'Gorman | Stiúrthóir Seirbhísí: Iompar, an Comhshaol agus Seirbhísí Uisce, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála. |









# Aguisín 9

## An Timpeallacht Oibriúcháin Áitiúil



# Aguisín 10

## Struchtúr Eagrúcháin



# Notaí

COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH

CARLOW COUNTY COUNCIL

**Oifigí an Chontae**
**Bóthar Bhaile Átha Í**
**Ceatharlach R93 E7R7**

**059 9170300 | www.carlow.ie**